

An Traein

Ag Aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil
PÁIPÉAR CÚLRA



Eolas agus Moltaí do
Stiúrthóirí Naíonraí agus do
Mhúinteoirí Gaelscoileanna

Máire Mhic Mhathúna



Forbairt Naíonraí Teo.




Gaelscoileanna 



An Traein

Ag Aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil

PÁIPÉAR CÚLRA



Eolas agus Moltaí do
Stiúrthóirí Naíonraí agus do
Mhúinteoirí Gaelscoileanna

Máire Mhic Mhathúna

Foilsithe ag
FORBAIRT NAÍONRAÍTEORANTA
GAELSCOILEANNA TEO.
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9

© FORBAIRT NAÍONRAÍTEORANTA agus GAELSCOILEANNA TEO. 2011

Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh ná eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.



An Clár

Réamhrá	06
Nóta Buíochais	09
1. Aidhm an Tionscnaimh	11
2. Próiseas an Aistrithe	13
3. Na Príomhathruithe	15
4. An Tumoideachas	19
5. An Naíonra	23
6. An Bhunscoil	29
7. Ionchais an naíonra, na scoile agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí	33
8. Comhtháthú is Leanúnachas: <i>Aistear agus Síolta</i>	35
9. Seimineáir na Luathbhlianta	39
10. Guth na bPáistí	45
11. Moltaí do Chlár Aistrithe	47
Tagairtí	64
Aguisíní	69

Réamhrá

Tá na luathbhlianta fíorthábhachtach d'fhorbairt an pháiste. Tá dlúthbhaint agus an-tionchar ag an naíonra agus ag ranganna na naíonán ar an bhforbairt sin. Ós rud é go mbíonn aistriú i gceist ó leibhéal an naíonra chuig an mbunscoil lán-Ghaeilge tá sé tráthúil go mbeadh leabhrán ann a thugann smaointe faoin mbealach is fearr chun cabhrú leis an bpáiste aistriú suaimhneach a dhéanamh idir an dá chóras.

Is minic a bhíonn ceangal láidir idir naíonra agus gaelscoil, agus chuige sin chinn GAELSCOILEANNA TEO. agus Forbairt Naíonraí Teo. gurbh fhiú tabhairt faoina leithéid de thionscadal le tógáil ar an ngaol sin. Is leabhrán nuálach é seo mar is ar éigean a bhfuil aon taighde dá leithéid déanta sa tír seo go dtí seo agus is cinnte nach bhfuil sé ar fáil in earnáil na gaelscolaíochta.

Ar son GAELSCOILEANNA TEO. ba mhaith liom míle buíochas a ghabháil leis an Dr. Máire Mhic Mhathúna, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, as ucht an méid oibre atá déanta aici ar thaighde agus ar fhorbairt an leabhráin seo. Gabhaim buíochas chomh maith le Clíona Frost, Forbairt Naíonraí Teo., agus le Nóra Ní Loingsigh, GAELSCOILEANNA TEO., a d'oibrigh ar an tionscadal agus leis na daoine ar fad a raibh ionchur acu sa phróiseas freisin.

Táim cinnte go dtabharfaidh sé go leor ábhar machnaimh do ghaelscoileanna agus do naíonraí agus iad ag plé lena chéile agus tá súil agam go gcabhróidh sé leo gaol níos láidre a fhorbairt eatarthu féin ar bhonn áitiúil. Níl aon cheist ann ach go rachaidh sé seo chun leasa na bpáistí a bhíonn faoinár gcúram.

Mícheál Ó Broin
Uachtarán
GAELSCOILEANNA TEO.
Meán Fómhair 2011.

Réamhrá

Is sa naíonra a bhíonn an chéad bhlaiseadh ag leanaí den luath-thumadh iomlán agus bíonn an Ghaeilge á sealbhú go nádúrtha ag na leanaí óga le linn ghnásanna an naíonra. Bíonn tionchar mór ag an taithí seo ar leanaí nuair a théann siad ar aghaidh chun na scoile, agus go háirithe chun na Gaelscoile.

Agus an bhliain shaor réamhscoile ar fáil anois do gach leanbh sa bhliain roimh dhul ar scoil, tá dúshlán faoi leith ann do lucht réamhscoile – cumarsáid, féiniúlacht agus leas agus forbairt iomlán an linbh a chur chun cinn. Cabhraíonn *Aistear* agus *Síolta* leis an obair seo agus cinntíonn na creatlaigh seo go bhfuil leanúnachas maidir le cur chuige i seomra an naíonra agus sa seomra scoile.

Le breis agus 30 bliain tá naíonraí agus gaelscoileanna ag obair as lámha a chéile agus tá ceangal láidir eatarthu anois. Is é an comhoibriú bunchloch an dul chun cinn d'earnáil na Gaelscolaíochta agus is chuige sin atá na treoirlínte seo curtha le chéile agus cuirim fíorfháilte rompu.

Tá Forbairt Naíonraí Teoranta agus Na Naíonraí Gaelacha an-bhuíoch as an deis páirt a ghlacadh sa taighde. Tá buíochas faoi leith ag dul don Dr Máire Mhic Mhathúna, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, as an obair mhór atá curtha isteach aici sa tionscadal seo agus an saineolas atá roinnte aici linn san fhoilsiúchán tábhachtach seo don earnáil Gaelscolaíochta. Gabhaim buíochas le Nóra Ní Loingsigh, Gaelscoileanna Teo., agus le Clíona Frost, Forbairt Naíonraí Teo., as an obair fhónta a rinne siad beirt chun an chuid seo den tionscadal a thabhairt chun críche.

Máire Uí Bhriain
Cathaoirleach
Forbairt Naíonraí Teo.
Meán Fómhair 2011.



Nóta Buíochais

Gabhann an t-údar buíochas le Nóra Ní Loingsigh, Leas-Ardfheidhmeannach Ghaelscoileanna Teo. agus le Clíona Frost, Príomhoifigeach Fhorbairt Naíonra Teo. as a gcabhair agus a gcúnamh leis an tionscnamh seo. Gabhtar buíochas freisin le baill an Bhoird Chomhairligh, T.J. Ó Ceallaigh, Máire Ní Bhaoill, Áine Ní Shuilleabháin agus Pádraig Ó Duibhir as na moltaí a dhein siad. Tá buíochas mór ag dul do na stiúrthóirí, na múinteoirí agus na páistí a ghlac páirt sa tionscnamh chomh maith.

Bíonn tionchar fadtéarmach ag aistriú maith ón naíonra go dtí an bhunscoil ar chumas foghlama na bpáistí tríd an mbunscoil ar fad.

Tá sé d'aidhm ag an leabhrán seo cabhrú le stiúrthóirí naíonra, le múinteoirí gaeilscoile agus tríothusan le páistí is le tuismitheoirí/caomhnóirí an t-aistriú ón naíonra go dtí an ghaelscoil a dhéanamh go réidh, socair, sásúil.



1

Aidhm an Tionscnaimh

Tús maith leath na hoibre

Bíonn tionchar fadtéarmach ag aistriú maith ón naíonra go dtí an bhunscoil ar chumas foghlama na bpáistí tríd an mbunscoil ar fad (Fabian 2002, lch. 1). Tá sé d'aidhm ag an leabhrán seo cabhrú le stiúrthóirí naíonra, le múinteoirí gaelscoile agus tríothusan le páistí is le tuismitheoirí/caomhnóirí an t-aistriú ón naíonra go dtí an ghaelscoil a dhéanamh go réidh socair, sásúil. Tabharfar an bunús atá leis an bplé is leis na moltaí faoi chlár aistrithe sa pháipéar cúlra seo. Bíonn na páistí ag súil go mór leis an 'scoil mhór' is leis na deiseanna go léir a bhaineann le saol na scoile (Brooker 2008, lch. 115). Mar sin féin is dúshlán é an t-aistriú chun na bunscoile do roinnt páistí agus dar le Brooker (2008, lch. 10), leathnaíonn an bhearna le himeacht aimsire idir páistí a dhéanann aistriú sásúil agus iadsan nach ndéanann. Táimid ag iarraidh cabhrú leis na páistí a bheith lánmhuineach astu féin, a bheith in ann leas a bhaint as na deiseanna nua go léir is go mbeidh siad sona sásta is iad ag freastal ar an ngaelscoil.

Deineadhscagadharanlitríochtabhaineannlehaistriúpáistíóréamhscoileanna go dtí bunscoileanna in Éirinn, sa Bhreatain, san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus sa Danmhairg. Níor thángthas ar mhórán taighde a bhaineann le cúrsaí teanga sa scagadh sin, rud a fhágann gur taighde úr nuálach atá ar bun sa tionscnamh seo. Sa chomhthéacs seo, is suimiúil go luann Perry et al. (2005, lch. 4) go mba chóir an plé a dhéantar ar an gcultúr dúchasach (dúchas na hAstráile ina gcás siúd), a shuíomh i gcomhthéacs an phobail ina maireann an mionlach, chomh maith le léargas a thabhairt ar chultúr an mhionlaigh sin. Luann Perry et al. pointí mar chaighdeán na múinteoirí, forbairt ghairmiúil leanúnach agus gnéithe sóisialta agus mothúchána den aistriú. Sa leabhrán seo, beifear ag glacadh leis an gcomhairle sin, is beifear ag plé le sainghnéithe a bhaineann le naíonraí gaelacha is le gaelscoileanna agus le gnéithe a bhaineann leis an gcomhthéacs in Éirinn trí cheile. Tá seans ag gach páiste bliain luath-oideachais a bheith aige/aici saor ó chostas ó Mhí Eanáir 2010 (Oifig an Aire Leanaí agus

Gnóthaí Óige 2009), ar feadh 3 uair a chloig sa lá. Fágann seo go bhfuil taithí ar oideachas luath-óige ar fáil do pháistí ar mian lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí iad a chur chuig naíonra gaelach nó Béarla roimh thosú ar scoil dóibh. D'fhreastail 94% den aoisghrúpa ar sheirbhís réamhscoile sa bhliain 2010.




2

Próiseas an Aistrithe

Bíonn an-chuid athruithe i gceist nuair a bhíonn páistí ag aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil. Tugann Fabian agus Dunlop (2002, 2006), Perry et al. (2005) agus Brooker (2008) tús áite do na hathruithe sóisialta maidir leis an aistriú chun na scoile agus deir siad go mbíonn athruithe i gceist maidir le caidreamh le daoine eile idir dhaoine fásta is pháistí, leis na modhanna múinte is foghlama, leis an timpeallacht agus le cúrsaí ama. Uaireanta bíonn athrú teanga i gceist anuas air sin (Vogler et al. 2008, lch. 1). Mar sin is próiseas a bhaineann leis an bpáiste is leis na daoine gaolmhara eile atá i gceist, seachas eachtra a tharlaíonn don pháiste aon uair amháin (Vogler 2008, lch. 25). Is próiseas éagsúil é do gach páiste is do gach naíonra agus gach scoil agus is gá don chlár aistrithe nó na gníomhaíochtaí aistrithe a bheith solúbtha chun freagairt do na comhthéacsanna éagsúla. Glactar leis go bhféadfadh an próiseas aistrithe tosú sna míonna deiridh sa naíonra is go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh sna míonna tosaigh sa bhunscoil. Féachtar ar an bpáiste mar dhuine atá gníomhach sa phróiseas, duine atá cumasach agus ábalta agus atá in ann feidhm a bhaint as na gníomhaíochtaí tacaíochta a chuireann daoine fásta ar fáil chun aistriú sásúil a dhéanamh ón naíonra go dtí an bhunscoil.

Tábhacht an aistrithe

Bíonn fás fisiciúil is cognaíoch an-tapa ar siúl ag páistí sna luathbhlianta. Cabhraíonn spreagadh is tacaíocht leanúnach le páistí buntáiste a bhaint as deiseanna, suímh is taithí nua (Fabian agus Dunlop 2002). Tuigtear anois go bhfuil tábhacht ag baint leis an gcomhthéacs sóisialta ina dtarlaíonn an fhorbairt seo is le cothú fonn chun foghlama chomh maith le haon fhoghlaím faoi leith (Brooker 2008, lch.7). Tá tábhacht ag baint le féinurraim, le féinmheas is le creideamh in éifeacht a gcuid gníomhartha féin maidir le sealbhú is le léiriú na foghlama. Is féidir le haistriú sásúil na tréithe sin a fhorbairt sa pháiste agus cur leo.



3

Na Príomhathruithe

Athruithe sa Timpeallacht Fhisiciúil

Bíonn an-tionchar ag an suíomh fisiciúil ar chomhthéacs na foghlama (Fabian 2002, lch. 3). Beidh taithí ag na páistí ar shuíomh an naíonra - seomra amháin nó dhá cheann i bhfoirgneamh beag, b'fhéidir. Beidh athrú mór i gceist do roinnt páistí maidir le méid fhisiciúil na scoile, idir líon na seomraí, leagan amach an tseomra ranga, na leithris, seomra na gcótaí agus clós na scoile (Brooker 2008, lch. 84). San ionad mór nua seo, beidh ar na páistí foghlaim faoi conas dul chuig a seomra ranga féin, an halla, seomra na gcótaí is na leithris, oifig an phríomhoide agus an rúnaí, fáil amach cé na seomraí nár chóir dóibh dul isteach iontu gan cead, seomra na múinteoirí mar shampla, agus cé na córais atá i bhfeidhm chun dul ón seomra ranga go dtí na háiteanna eile, siúl go ciúin i líne, mar shampla.

Beidh taithí ama éagsúil i gceist do roinnt páistí chomh maith. Beidh cuid acu i dtaithí ar thrí uair an chloig a chaitheamh sa naíonra is beidh an lá scoile níos faide ná sin. B'fhéidir go mbeidh páistí eile i dtaithí ar lá sa naíolann, a d'fhéadfadh a bheith cuid mhaith níos faide ná an lá scoile.

Athruithe Sóisialta agus Féiniúlachta

Bíonn athrú mór sóisialta i gceist maidir le féiniúlacht shóisialta na bpáistí (Fabian 2002, lch. 4). Mheas Siraj-Blatchford agus Clark (2000) gur am fíorthábhachtach a bhí i dtosach na scoile toisc go mbunaíonn na páistí a bhféiniúlacht féin mar dhaltaí scoile ag an am sin. Tá an pointe seo fíorthábhachtach i leith na gaelscoile, mar beidh an fhéiniúlacht seo á forbairt i gcomhthéacs Gaelach na gaelscoile. Ba pháistí naíonra iad, anois is páistí scoile iad, na páistí is óige i suíomh mór scoile. Beidh roinnt dá gcairde ag teacht in éineacht leo ón naíonra agus beidh siad ag cur aithne ar pháistí nua chomh maith. Beidh siad ag cur aithne ar an múinteoir ranga is ar fhoireann na scoile agus beidh orthu déileáil le córais shóisialta eile chun idirghníomhú

leis na daoine sin. Cabhróidh tacaíocht láidir ó na daoine fásta roimh ré, le linn agus i ndiaidh an aistrithe leo chun a gcuid féinurraime agus féinmheasa a choinneáil (Brooker 2008, lch. 86).


Beidh rialacha na scoile le foghlaim ag na páistí (Fabian agus Dunlop 2006, lch. 5). Bainfidh siad seo le gníomhaíochtaí mar labhairt le páistí eile sa rang agus beidh córas i bhfeidhm i roinnt scoileanna, mar shampla maidir le lámh a chur suas chun labhairt leis an múinteoir. Beidh orthu níos mó ama a chaitheamh ag éisteacht leis an múinteoir thar mar a rinne siad sa naíonra is ní bheidh cead acu bogadh timpeall an tseomra ranga nó bréagáin/fearas scoile a roghnú faoi mar a rinne siad sa naíonra.

Athruithe Oideachasúla

Ar na príomhathruithe a bheidh roimh na páistí beidh athrú sna modhanna múinte, ón mbéim ar foghlaim trí shúgradh go dtí modhanna níos foirmeálta. Beidh struchtúr níos foirmeálta ar obair an ranga thar mar a bhí sa naíonra, mar shampla, beidh níos mó oibre i ngrúpaí beaga is mar rang iomlán ann. Ciallaíonn sé seo go mbeidh níos lú neamhspleáchais ag na páistí maidir le roghnú gníomhaíochtaí agus beidh níos lú ama acu chun súgartha (Fabian, 2002, lch. 92, Brooker 2008, lch. 85). Beidh ar an múinteoir níos mó treoracha a thabhairt don rang agus cloí le clár ama chun an curaclam a chur i bhfeidhm. Beidh air/uirthi cloí le struchtúr an lae sa scoil freisin, áiseanna na scoile a úsáid - an halla, an clós, am lóin, srl. (Hayes, O’Flaherty and Kernan, 1997). Deir Nic Craith & Fay (2008, lch. 211) go mbíonn an-chuid d’imeachtaí ranganna na naíonán faoi stiúir an mhúinteora. D’fhéadfadh dúshlán a bheith ag baint leis seo do pháistí le riachtanais bhreise foghlama (Skinner, in Brooker 2008, lch. 84). Beidh ar na páistí na rialacha a bhaineann leis an rang, leis an gclós, le teacht isteach ar maidin agus dul abhaile, srl. a foghlaim agus a chur i gcrích. Cabhraíonn míniú soiléir ar na rialacha agus meabhrú orthu nuair atá said á gcur i bhfeidhm go mór leis na páistí chun iad a thuiscint is a leanúint (Brooker, 2008, lch. 115).

Cairdeas

Cuireann Fabian (2002) agus Brooker (2008) an-tábhacht le cairdeas idir na páistí agus le caidreamh idir iad agus na daoine fásta atá i gceist. Mheas Broström (2002, lch. 56) agus Brooker (2008, lch. 115) go mba mhór an chabhair é dá mbeadh páistí ón naíonra céanna sa rang céanna agus iad ag tosú ar scoil. Deir Broström (2002) go mbíonn fonn chun foghlama ceangailte leis an bhfolláine mothúchán. Tugann cairde folláine mothúchán agus féinmhuinín do pháistí is cabhraíonn sé seo leo chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán nua. Léiríodh an dea-thionchar céanna maidir le cairde sa rang céanna sna staidéir a dhein Margetts (2002, lch. 112) agus Brooker (2008, lch. 88). Is minic go mbíonn na páistí ón naíonra céanna ag aistriú go dtí an ghaelscoil chéanna. Is an-chabhair dóibh an grúpa céanna páistí a bheith ag bogadh ag an am céanna leo mar bíonn aithne acu ar a chéile agus is féidir leo cabhrú lena chéile. Moltar mar sin páistí ón naíonra céanna a chur sa rang céanna agus iad ag tosú ar scoil, ach amháin mura bhfuil siad ag réiteach lena chéile.



4

An Tumoideachas

Is í an Ghaeilge teanga an naíonra agus labhraíonn na stiúrthóirí is na múinteoirí sna gaelscoileanna Gaeilge leis na páistí i gcónaí. Luath-thumoideachas atá i gceist leis an modh seo agus déanann Ó hAiniféin cur síos ar chúlra agus ar thorthaí an tumoideachais (Ó hAiniféin 2008). Deir sé go bhfuil na naíonraí ar cheann de na samplaí is fearr de chur chuige an tumoideachais (2008, lch. 1). Luann Johnson agus Swain (1997) na critéir a bhaineann le tumoideachas ar a n-áirítear teagasc tríd an sprioctheanga, an gnáthchuracclam a bheith á theagasc, go mbíonn an leibhéal céanna cumais ag na páistí sa sprioctheanga is go mbíonn na daoine fásta dátheangach. Baineann na gnéithe sin go léir leis an luath-thumoideachas sna naíonraí is sna gaelscoileanna. Baineann dea-thorthaí leis an tumoideachas maidir le hoideachas, dearcadh i leith na teanga agus úsáid na teanga (Baker, 2006, lch. 274). Bíonn an éifeacht is láidre ar shealbhú na sprioctheanga ag an luath-thumoideachas, faoi mar atá sna naíonraí agus sna gaelscoileanna. Sa luath-thumadh, bíonn an clár iomlán oideachais agus cumarsáide á chur ar fáil trí mheán na sprioctheanga (Baker 2006, lch. 274).

Cúrsaí teanga sna naíonraí is sna gaelscoileanna

Sa chaipéis *Polasaí Gaeilge* a d'fhoilsigh Gaelscoileanna Teo., luaitear go bhfuil aidhmeanna breise ag an ngaelscoil thar an ngnáthbhunscoil (Ní Mhaoláin 2005, lch. 6). Tá ionad breise ag an oidhreacht Ghaelach inti, ionad a shaibhríonn an curaclam agus an teanga féin ós rud é go bhfuil sí mar mheán teagaisc. Is í an Ghaeilge an meán cumarsáide i ngach gné d'obair na scoile, i measc na foirne is na bpáistí.

Is í an Ghaeilge teanga an naíonra is na bunscoile, ach is mionlach beag iad na páistí a bhfuil an Ghaeilge mar ghnáththeanga baile acu go laethúil. Déanann sé seo an t-aistriú go dtí an naíonra is chun na bunscoile níos

deacra mar níl an teanga ar a dtoil ag formhór na bpáistí is d'fhéadfadh sé a bheith sé deacair orthu an stiúrthóir is an múinteoir a thuiscint i gcónaí. Ag an am céanna, is gá a aithint go mbeidh roinnt páistí le Gaeilge ó dhúchas sna gaelscoileanna agus gur gá freastal ar a riachtanais teanga siúd. Beidh an-tuiscint ar Ghaeilge an bhaile is an naíonra ag na cainteoirí dúchais seo. Mar sin féin, d'fhéadfadh brí dhifriúil a bheith le focal faoi mar a úsáidtear sa scoil é (Fabian 2002, lch. 95). Níor mhiste don mhúinteoir cuimhneamh go bhféadfadh brí áirithe a bheith le focail/gnás mar “am lóin,” “an líne,” “ciúnas” agus “lámha trasna” ar scoil thar mar a bhí sa naíonra nó sa bhaile. Tá sé fíorthábhachtach go labhródh an múinteoir le cainteoirí dúchais ag leibhéal a oireann dóibh sin, is go mbainfí leas as ceisteanna oscailte, plé, tuairimí, samhlaíocht srl. ina gcás siúd is go gcuirfí ábhar ar fáil dóibh a chuideodh le forbairt a gcumas teanga féin - leabhair, scéalta, amhráin, srl. Fanann timpeall 15% de na páistí sa naíonra ar feadh dhá bhliain is bíonn níos mó tuisceana acu siúd ar an nGaeilge. Mar sin, cé gur cabhair iad na páistí le Gaeilge don stiúrthóir chun na páistí nár fhreastail ar naíonra roimhe seo a shocrú isteach sa naíonra, is gá freastal ar riachtanais teanga na bpáistí le Gaeilge chomh maith (Hickey 2010, lch. 140).

Tá cur síos ar fhorbairt na Gaeilge mar dhara teanga i naíonraí ar fáil san alt “Is liomsa é leon” (Mhic Mhathúna 1996) agus tá cuntas an-spéisiúil ag Tabors ar shealbhú an Bhéarla mar dhara teanga is suíomh naíonra i Meiriceá, sa leabhar *One Child, Two Languages* (2008).


Tar éis dóibh bliain amháin nó dhá bhliain a chaitheamh sa naíonra beidh tuiscint ag na páistí atá ag sealbhú na Gaeilge don chéad uair ar an nGaeilge a bhaineann le saol an naíonra is beidh cumas áirithe labhartha acu. Beidh forbairt á déanamh air sin agus iad sa bhunscoil maidir le teanga na foghlama is na bainistíochta. Ba chóir tacú leo muinín a bheith acu sa chumas teanga atá acu sa teanga bhaile is sa Ghaeilge is cabhrú leo forbairt a dhéanamh ar an nGaeilge. Beidh dearcadh fábhreach i leith na teanga ag na páistí mar beidh an spraoi is an taitneamh a bhain leis an naíonra ceangailte leis an teanga ina n-aigne. Beidh tacaíocht don Ghaeilge ag na tuismitheoirí/caomhnóirí mar is rogha acu é páistí a chur chuig naíonra is chuig gaelscoil agus is pointe an-tábhachtach é an tacaíocht sin.

Cabhraíonn sé leis an bpáiste má bhíonn ceangal ag an teaghlach le saol na Gaeilge lasmuigh den bhaile, mar shampla le himeachtaí sa naíonra nó sa bhunscoil, le himeachtaí Gaelacha sa cheantar, nó le heagrais mar Comhluadar, cumann do theaghlaigh a bhfuil a gcuid páistí á dtógáil le Gaeilge nó go dátheangach. Cabhraíonn sé freisin má bhíonn deartháir nó deirfiúr ag freastal ar an mbunscoil cheana féin mar bíonn taithí ag an bpáiste is ag na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an scoil is ar chultúr na scoile, ar obair bhaile a dhéanamh trí Ghaeilge, mar shampla. Ba chóir cabhrú le tuismitheoirí/caomhnóirí ar bheagán Gaeilge an teanga a fhoghlaim trí ranganna a chur ar siúl sa scoil nó eolas faoi ranganna sa cheantar a scaipeadh.

Dar ndóigh is an-chabhair é do na páistí a d'fhreastail ar naíonra, go bhfuil taithí acu ar a bheith rannpháirteach i ngrúpa, ar pháirt a ghlacadh in imeachtaí rialta faoi stiúir an stiúrthóra is a mbealach féin a dhéanamh ag am saorimeartha is na buntáistí sóisialta is cognaíocha eile a bhaineann le hoideachas luath-óige a bheith blasta acu.

Féachtar ar an bpáiste mar dhuine atá gníomhach sa phróiseas, duine atá cumasach agus ábalta agus atá in ann feidhm a bhaint as na gníomhaíochtaí tacaíochta a chuireann daoine fásta ar fáil.

Cabhraíonn spreagadh is tacaíocht leanúnach le páistí buntáiste a bhaint as deiseanna, suímh is taithí nua.



5

An Naíonra

Cuireadh na chéad naíonraí ar bun sa tSionainn, Co. an Chláir agus i mBaile Átha Cliath ag deireadh na 1960ídí, ag leanúint shampla na Breataine Bige chun sealbhú teanga a chur ar fáil trí mheán an tumoideachais is an tsúgartha do pháistí óga. Seirbhís luath-oideachais trí Ghaeilge atá i gceist, le 82 grúpa sa Ghaeltacht agus 218 grúpa ag feidhmiú sa chuid eile den tír, thuaidh agus theas. Reachtaítear iad faoi réir an *Achta um Chúram Leanaí* (1991) agus na *Rialacháin um Chúram Leanaí* (*Seirbhísí Réamhscoile 1996, leasaithe 2006*) ó dheas agus tá tábhacht faoi leith ag baint leis na rialacháin a bhaineann le hAlt 5, a leagann dualgas ar stiúrthóirí foghlaim, leas agus forbairt an linbh a chur chun cinn laistigh d'imeachtaí laethúla na seirbhíse. Tá na rialacháin faoi chosaint leanaí i bhfeidhm chomh maith, *Tús-Áite do Leanaí* (*Children First*) agus *Ár nDualgas Cúraim* (*Our Duty to Care*), foilsithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá dlíthe fostaíochta, sláinte agus pleanála i gceist chomh maith, faoi mar a luann Uí Ainín, 2005 (lgh. 134-138). Moltar coiste bainistíochta a bheith ag gach naíonra chun cabhrú le cúrsaí bainistíochta. Cuireann cigirí luath-oideachais ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte mionscrúdú gach bliain ar gach naíonra faoi na rialacháin um chúram leanaí. Níl na naíonraí faoi chúram na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, faoi mar atá na bunscoileanna.

Clár ardchaighdeáin na naíonraí

Tá clár ardchaighdeáin do na naíonraí curtha le chéile ag Forbairt Naíonraí Teo. (Devlin agus Frost 2007). Tá sé i gceist go dtabharfadh na prionsabail seo comhthéacs don chlár ardchaighdeán maidir le dea-chleachtas sa naíonra. Tá an clár bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Cearta an linbh
- Tábhacht an tsúgartha
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Éagsúlacht agus Comhionannas
- Cearta Teanga
- Cumarsáid agus tuiscint
- Ról an duine fásta i saol an linbh
- Timpeallachtaí

Comhoibriú

Maidir le húsáid na Gaeilge, moltar go mbeadh tuiscint ag na stiúrthóirí ar an dátheangachas is ar shealbhú teanga is go mbeadh pleanáil teanga ar bun sa naíonra, chomh maith le pleanáil a bhaineann leis an gclár oibre (Devlin agus Frost 2007, lch. 9). Moltar go gcuirfí eolas ar fáil do na tuismitheoirí/caomhnóirí faoi ghnásanna, faoi fhrásaí, faoi rainn agus faoi amhráin Ghaeilge (Devlin agus Frost 2007, lch. 21).

Cuireann na stiúrthóirí gach deis ar fáil do na páistí sa ghrúpa chun a bhforbairt iomlán a chur i gcrích, idir fhorbairt fhisiciúil, fhorbairt chognaíoch, fhorbairt chruthaitheach, fhorbairt shóisialta agus fhorbairt mhothúchánach, mar aon le saibhriú nó le sealbhú na Gaeilge ag an am céanna (Ó Buachalla 2005, lch. 7). Cainteoirí Béarla is ea an chuid is mó de na páistí agus dar ndóigh tuigeann na stiúrthóirí iad. Ní chuirtear bac ar chaint as Béarla ach Gaeilge amháin a labhraíonn na stiúrthóirí (Ó Buachalla 2005 lch. 7). De réir a chéile tagann na páistí isteach ar an teanga toisc go mbíonn an chaint ceangailte le

gníomhaíochtaí an naíonra is bíonn na focail is na frasaí céanna in úsáid de shíor (Mhic Mhathúna 2008). Páistí idir 3 bliana agus aois scoile a bhíonn ag freastal ar an naíonra is de ghnáth caitheann 85% díobh bliain amháin sa naíonra agus caitheann 15% dhá bhliain ann. Tá cur síos an-chuimsitheach ag Tina Hickey ar obair an naíonra sa leabhar *An Luath-Thumadh: Na Naíonraí* (1997).

Tábhacht an tsúgartha

Cuirtear an-bhéim ar shúgradh mar mhodh foghlama ag páistí sa naíonra. Próiseas atá sa súgradh seo, bealach ag páistí le foghlaim a dhéanamh trí rudaí a thabhairt faoi deara, trí a bheith ag súgradh le páistí eile is trí imirt le hábhair éagsúla (Hayes 2010, lch. 169.) Ní chuireann páistí a lán tábhachta leis an toradh a bhíonn ar a gcuid gníomhaíochtaí, mar shampla an pictiúr nó an cluiche nó na brící lena a bhfuil siad ag imirt. Dar le Vygotsky (1978), sroicheann páistí leibhéal tuisceana níos airde trí shúgradh go fisiciúil, go cognaíoch is trí theanga a ionramháil. Bíonn said sásta triail a bhaint as rudaí nua sa súgradh, rudaí nach mbeadh sé de mhisneach acu a thriail sa ghnáthshaol, agus foghlaimíonn said nithe nua dá bharr. Bíonn a gcuid samhlaíochta á forbairt acu trí imirt shamhlaíoch le daoine is le hábhar is baineann said an-taitneamh as rólaithris sa chúinne baile (Hayes 2010, lch. 176). Baineann páistí beagáinín níos sine taitneamh as drámaíocht, as cluichí le rialacha is as scéalta casta a chumadh agus iad ag imirt leis na bábóga is le bréagáin eile.

Bíonn súgradh de shaghas eile ar bun le hábhar struchtúrtha, ar nós míreanna mearaí, cluichí meaitseála agus cluichí boird. Trí shaorimirt, bíonn na páistí féin ag cur a leagan féin den saol i bhfeidhm, ag cumadh a gcuid nósanna imeachta agus a gcuid rialacha féin is bíonn an imirt faoi stiúir na bpáistí féin seachas faoi stiúir na ndaoine fásta (Hayes 2010, lch. 177). Cheap Wood agus Attfield (2005, lch. 38) gur chuir an súgradh deis ar fáil do pháistí a gcuid mothúchán a chur in iúl, mothúcháin cosúil le buairt, eagla agus fearg, agus mheas siad gur féidir leis na páistí foghlaim conas déileáil leo tríd an léiriú sin. Cheap said freisin gur fhoghlaim na páistí scileanna ar nós fonn chun foghlama, díriú ar ábhar, imoibriú sóisialta agus féinurraim.

Bíonn stiúrthóirí naíonra ag iarraidh cabhrú le páistí na buntáistí thuas a bhaint as a gcuid súgartha trí dheiseanna súgartha a chur ar fáil, dóthain ama agus spáis a leagan amach sa chlár ama agus trí thacaíocht chuí a chur ar fáil. Tá an tacaíocht sin fíorthábhachtach má tá na páistí chun na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint as a gcuid súgartha. Moltar an saghas seo tacaíochta a thabhairt trí chaint is trí chomhrá, trí cheisteanna a thugann dúshlán na bpáistí ó thaobh machnaimh de agus trí eolas breise a chur ar fáil a chabhraíonn leo an gcuid smaointe féin a fhorbairt (Wood agus Attfield 2005, lch. 46). Is ceist an-tábhachtach í cé chomh mór agus is féidir le páistí na buntáistí teanga sin a fháil tríd an dara teanga, ach cinnte is féidir an taithí a chur ar fáil mar bhunchloch don mhachnamh is chun cabhrú leo friotal a chur ar roinnt dá gcuid smaointe.

Bíonn an naíonra leagtha amach de réir cúinní nó ceantair foghlama (Ó Cíosáin 2005, lch. 24):

- Cúinne baile, le trealamh tí
- Cúinne bloc/tógála le brící móra agus beaga
- Cúinne ealaíne le seastáin péinte, páipéar, spúinsí
- Cúinne na leabhar
- Ceantar gainimh agus uisce
- Bord fuaime/ceoil
- Bord dúlra.

Bíonn clár ama dá chuid féin ag gach naíonra, mar shampla:

- Fáilte
- Saorimirt leis na bréagáin is le hábhair ealaíne
- Glanadh suas
- Am ciorcail: an rolla, pointe suime na maidne, rainn agus amhráin
- Am lóin
- Drámaíocht, aclaíocht laistigh nó lasmuigh, puipéid, scéal
- Saorimirt
- Dul abhaile.

Timpeall 3 huaire a chloig a mhaireann an seisiún is bíonn dhá sheisiún sa lá ag naíonraí áirithe chun freastal ar pháistí éagsúla. Bíonn an stiúrthóir ag caint leis na páistí feadh an ama, de réir mar a oireann agus bíonn rannta is amhráin ag gabháil leis na gníomhaíochtaí éagsúla. (Féach an dlúthdhiosca *Maidin sa Naíonra*).

Oiliúint na stiúrthóirí

Tá an-bhéim ar thábhacht na gairmiúlachta in earnáil na luath-óige. Bíonn cúrsa sa luath-oideachas déanta ag na stiúrthóirí ag Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 de réir creat na gcáilíochtaí ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (www.NQAI.ie). Is trí Ghaeilge nó trí Bhéarla a dhéantar an cúrsa. Cuireann Forbairt Naíonra Teo. cúrsa 35 uair an chloig sa luath-thumoideachas ar fáil d'ábhar stiúrthóirí. Tá cúrsaí céime ag Leibhéal 7 nó Leibhéal 8 in Oideachas na Luath-Óige ar fáil in institiúidí tríú leibhéal chomh maith.



6

An Bhunscoil

Bunaíodh an córas bunscolaíochta in Éirinn sa bhliain 1832 is tá sé de cheart is de dhualgas ar gach páiste os cionn 6 bliana freastal ar an mbunscoil. Go praiticiúil, tosaíonn leanaí ar scoil idir aois 4.5 bliana agus 5.5 bliana, ag brath ar cathain a thiteann a lá breithe. Sa scoilbhliain 2010 – 2011, bhí 3,165 bunscoil sa tír is ina measc bhí 137 bunscoil sa Ghaeltacht is 138 gaelscoil nó bunscoil a reachtáiltear trí Ghaeilge sa Ghalltacht. Reachtáiltear na bunscoileanna i nDeisceart na tíre faoi réir rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna is bíonn siad faoi phátrúnacht eaglaise nó coistí pátrúnachta eile. Tá curaclam reachtúil, Curaclam na Bunscoile, a leasaíodh sa bhliain 1999, i bhfeidhm i ngach bunscoil. Tá sé d’aidhm ag Curaclam na Bunscoile gach gné d’fhorbairt an pháiste a chur chun cinn (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1999a, lch. 6) agus a chur ar chumas an pháiste foghlaim conas foghlaim a dhéanamh. Measann an Curaclam go ndoimhníonn teagmháil leis an nGaeilge feacht chultúrtha na bpáistí. Measann sé go gcuireann taithí agus eolas ar an nGaeilge le cumas an pháiste tuiscint ar fhéiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha na tíre a fhorbairt (1999a, lch. 27). Tá 33 gaelscoil i dTuaisceart na hÉireann.

Oideachas luath-óige

Aithníonn an Curaclam go dtagann páistí ar scoil le raon leathan eispéiris ón mbaile is ón oideachas réamhscoile araon, (1999a, lch. 30), is gur aistriú suntasach é i saol an pháiste dul isteach sa chóras foirmiúil oideachais. Cé go ndéantar tagairt don tábhacht a bhaineann le leanúnachas idir an baile is an scoil ní dhéanann an Curaclam tagairt faoi leith don chaidreamh idir an réamhscoil agus an bhunscoil.

Struchtúr an Churaclaim

Tá seacht n-achar curaclaim ann:

- Teanga: Gaeilge agus Béarla
- Matamaitic
- Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta: stair, tíreolaíocht agus eolaíocht
- Oideachas ealaíne: na hamharcealaíona, ceol agus drámaíocht
- Corpoideachas
- Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte
- Oideachas reiligiúnach (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1999a, lch. 40).

Mar shampla den chur chuige, tugtar cur síos ar an gcuraclam Gaeilge anseo thíos. Is féidir teacht ar an eolas a bhaineann le gach ábhar ar shuíomh idirlín an Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta: www.ncca.ie.

Tá dhá churaclam ann don Ghaeilge, ceann do scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu agus ceann eile do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1999b, lch. 3). Is í an Ghaeilge teanga na gaelscoile, is cuirtear deiseanna ar fáil do na páistí máistreacht a fháil ar an teanga trí thaithí a fháil ar an nGaeilge mar mheán foghlama (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1999b, lch. 5). An cur chuige cumarsáideach atá in úsáid, is é sin go bhfoghlaímítear an teanga trí í a úsáid. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1999b, lch. 8).

Tá na ceachtanna le bunú ar dheich dtéama:

- Mé Féin
- Siopadóireacht
- Sa bhaile
- Caitheamh aimsire
- An scoil
- Éadaí
- Bia
- An aimsir
- An teilifís
- Ócáidí speisialta

Bíonn meán de 28 dalta i ngach rang, cé go mbíonn éileamh ard ar áiteanna sna gaelscoileanna, rud a fhágann líon ard daltaí i ngach rang.

Oiliúint

Cúrsa céime trí bliana, an chéim Baitsiléir san Oideachas a bhíonn ag formhór na múinteoirí. Tá dioplóma iarchéime sa bhunoideachas ag cuid de na múinteoirí a bhfuil céimeanna eile acu cheana féin. Bíonn rogha ag roinnt ábhar múinteoirí cúrsa sa tumoideachas trí mheán na Gaeilge a dhéanamh i gcoláistí oideachais áirithe agus tá cúrsa sa tumoideachas ar fáil i gcoláiste amháin.

Bord Bainistíochta

Bíonn bord bainistíochta ag gach bunscoil is bíonn said freagrach as bainistíocht fhoriomlán na scoile (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 1999a, lch. 22). Tá sé mar chuid de dhualgais an bhoird spiorad sainiúil na scoile a chothú agus a bheith freagrach as polasaithe na scoile. Is féidir polasaithe mar pholasaí aistrithe a áireamh sa réimse sin. Déantar pleanáil don fhoghlaim ar bhonn ranga agus ar bhonn scoile go tráthrialta. Déanann an Roinn Oideachais is Eolaíochta cigireacht ar obair na bunscoile.



7

Ionchais an naíonra, na scoile agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí

Stiúrthóirí is múinteoirí

Cad a cheapann stiúrthóirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí a bheidh ar siúl ar scoil? Cad atá ar eolas ag múinteoirí faoi imeachtaí an naíonra agus faoi ionchais na stiúrthóirí is na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí? Deir lucht taighde gur beag tuisceana atá ag na grúpaí éagsúla ar obair a chéile. Fuair Broström (2002) amach gur cheap stiúrthóirí naíonra sa Danmhairg gur shuigh páistí bunscoile ag deascanna an lá ar fad is nach raibh ach tuairim theoranta ag múinteoirí faoina raibh ar siúl sa naíonra. I gcás an staidéir a rinne O’Kane (2007) in Éirinn, is beag tuisceana a bhí ag na stiúrthóirí agus ag na múinteoirí ar obair a chéile. Bhí roinnt múinteoirí is stiúrthóirí naíonra ag baint brí éagsúil as coincheapa áirithe agus cheap O’Kane go mba ghá breis plé a dhéanamh ar an mbrí a bhí le coincheapa mar shúgradh, foghlaim, neamhspleáchas, curaclam leanbhlaínach agus ról na ndaoine fásta ina leith sin.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Beidh an-tionchar ag luachanna, ag idé-eolaíocht agus ag stádas socheacnamaíoch na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, chomh maith lena dtaithí féin ar scoil ar aistriú a bpáistí féin (Fabian agus Dunlop 2006, lch. 7). Cheap Roberts (luaite ag Brooker 2008, lch. 145) go raibh tuairimí roinnt tuismitheoirí/caomhnóirí go mór as dáta faoina raibh ar siúl sa scoil, mar bhíodar bunaithe ar a dtaithí féin, breis agus 20 bliain roimhe sin. Cheap na stiúrthóirí sa tionscnamh ag O’Kane agus Hayes (le foilsiú) gur chuir na tuismitheoirí/caomhnóirí níos mó tábhachta le haois na bpáistí is le scileanna acadúla ná le tréithe mar neamhspleáchas, scileanna sóisialta agus cumas teanga.

Mheas Dockett agus Perry (2005) gur chabhraigh muintearas le comhluadar na scoile go mór le páistí is le tuismitheoirí/caomhnóirí chun dul i dtaithí ar an scoil. Baineann sé seo leis an gcaidreamh iomlán idir na páistí, na teaghlacha agus na múinteoirí agus leis na bealaí atá ann chun fáilte a chur rompu isteach i gcomhluadar na scoile. Chuir na tuismitheoirí/caomhnóirí sa staidéar a rinne Hickey (1997, lch. 67) na páistí chuig naíonra de bharr cúiseanna teanga agus oideachais ach chuir siad in iúl nach raibh siad rannpháirteach in obair an naíonra. Tá tosaíochtaí glactha ag Forbairt Naíonraí Teo. chun cur le deiseanna na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a bheith rannpháirteach sa naíonra ó shin. Orthu seo tá Céimeanna Beaga, cúrsa Gaeilge do stiúrthóirí agus do thuismitheoirí agus físeán do thuismitheoirí. Chuir Coady agus Ó Laoire (2002) tábhacht le muintearas is le comhluadar na scoile chomh maith mar fuair siad amach go roghnaíonn roinnt tuismitheoirí/caomhnóirí a gcuid páistí a chur go dtí gaelscoil toisc go bhfuil fonn orthu a bheith páirteach go gníomhach i gcomhluadar na scoile, i measc cúiseanna eile. Bíonn na tuismitheoirí/caomhnóirí seo ag iarraidh a bheith rannpháirteach i riaracháin agus i mbainistiú na scoile agus cuireann struchtúr gaelscoileanna an deis sin ar fáil dóibh.

8

Comhtháthú is Leanúnachas

Aistear

D'fhoilsigh An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta *Aistear*, creatchuraclam don luath-óige (NCCA 2009). Tá an-tábhacht ag baint le leanúnachas idir na suíomhanna foghlama go léir ag an bpáiste (Fabian agus Dunlop 2006, lch. 16) is cuireann *Aistear* (NCCA 2009) deis ar fáil chun leanúnachas a chothú idir an naíonra is an scoil. Tá ceithre shainchuid (nó téama) sa churaclam is léirigh O'Kane agus Hayes (le folisiú) an bhaint atá acu le próiseas an aistrithe:

- **Folláine agus leas:** folláine coirp is aigne atá i gceist anseo, tá sé fíorthábhachtach do pháistí atá ag aistriú chun na bunscoile
- **Féiniúlacht is muintearas:** tá na páistí ag aistriú ó chomhlúadar foghlama/cleachtais amháin (Lave agus Wenger 1991) go dtí ceann nua.
- **Cumarsáid:** tá sé fíorthábhachtach ó thaobh na teanga agus an chaidrimh de go mbeidh cumarsáid an-mhaith idir na páistí, na múinteoirí, na stiúrthóirí is na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- **Taiscéaladh is machnamh:** beidh na páistí ag aistriú a gcuid foghlama ón naíonra isteach sa suíomh nua scoile is ag foghlaim faoin saol nua sin sa bhunscoil

Tá sé i gceist go bhforbróidh an Chomhairle na ceangail idir an chreachuraclam seo is curaclam na bunscoile is tá páipéar an-spéisiúil faoi na ceangail sin ar fáil ar shuíomh idirlín na Comhairle, www.ncca.ie. Tá an obair díreach ag tosú ar oiliúint a chur ar stiúrthóirí is ar mhúinteoirí faoi chreachuraclam *Aistear* is ceapann an Chomhairle go gcabhróidh sé go mór chun leanúnachas idir an dá earnáil a éascú do na páistí.

Síolta: An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

Is éard atá i *Síolta* ná creatlach náisiúnta cáilíochta a bhaineann le hardchaighdeán i gcúram agus in oideachas na luath-óige a d'fhorbair an Lárionad um Fhorbairt is Oideachas na Luath-Óige sa bhliain 2006. An aoisraon ó aois breithe go 6 bliana d'aois atá i gceist, aoisraon a chuimsíonn na páistí atá ag aistriú ó naíonra go gaelscoil. Tá glactha go forleathan leis an dá phrionsabal déag is na sé chaighdeán déag sa chreatlach is cuireadh tionscnaimh áirithe ar bun chun tacú le feidhmiú an chreatlaigh.

Baineann na prionsabail is na caighdeáin go léir le naíonraí is le ranganna na naíonán sa bhunscoil, ach tá tábhacht faoi leith ag baint le Caighdeán 13: Aistrithe (CECDE 2006). Tugtar cur síos anseo ar Chaighdeán 13 don naíonra is don bhunscoil.

Síolta: Caighdeán 13: Aistrithe

"Chun leanúnachas eispéireas a chinntiú do gach páiste, is gá polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais a bheith ann a bhfuil sé mar aidhm acu aistrithe a láimhseáil go comhthuisceanach. Is cóir go mbeadh na príomhchaidrimh buanseasmhach agus go mbeadh cumarsáid taobh istigh de shuímh agus ó shuíomh go suíomh. Is gá, chomh maith, eolas ábhartha a thaifeadadh agus a chur ar aghaidh (le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí), agus is gá na tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine gairmiúla cuí a bheith rannpháirteach go dlúth." (CECDE 2006)

Mar sin, molann *Síolta* go mbeadh polasaí aistrithe ann, ceann a bhaineann le páistí a ionduchtú isteach sa naíonra nó sa scoil agus a bhaineann leis an aistriú amach go dtí suíomh nó scoil eile.

Ar na moltaí a dhéanann siad tá

- Faisnéis a bhailiú sula dtéann an páiste isteach sa suíomh/scoil
- Faisnéis a roinnt go cuí laistigh den suíomh/scoil
- Naisc a dhéanamh le suímh/scoileanna/eagraíochtaí/daoine eile chun aistrithe réidhe a chur chun cinn
- Faisnéis agus comhairle a chur ar fáil do shuímh/scoileanna/eagraíochtaí/daoine eile nuair atá an páiste ag aistriú ón suíomh/scoil, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Molann siad dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí, le páistí agus le daoine proifisiúnta ábhartha agus páistí ag aistriú isteach/laistigh/amach ón suíomh/scoil/rang, mar shampla:

- Ag cur ar chumas na foirne agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí casadh le chéile agus saincheistean a phlé sula gcuirtear an páiste ar an rolla
- Deiseanna le cuairt a thabhairt ar an suíomh/scoil sula gcuirtear an páiste ar an rolla
- Páistí a ionduchtú i ndiaidh a bheith curtha ar an rolla
- Ag éascú agus ag tabhairt spreagadh do thuismitheoirí am a chaitheamh sa suíomh/scoil lena bpáiste tar éis di/dó a bheith curtha ar an rolla
- Ag fáil faisnéise faoin bpáiste ó thuismitheoirí/ó shuíomh ina mbíodh sí/sé
- Faisnéis a chur ar fáil do shuíomh/scoil/rang eile, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí
- An chaoi a dtacaíonn naisc fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla le heagraíochtaí ábhartha eile sa phobal le haistrithe

Bheadh teagmháil leis na heagrais a thugann tacaíocht do na naíonraí is na galscoileanna san áireamh sa phointe thuas.

Ceapadh polasaí

Áitíonn *Síolta* gur chóir cuntais scríofa a choinneáil sa suíomh/scoil ar na polasaithe, na gnásanna agus na gníomhartha go léir a bhaineann le haistrithe laistigh den suíomh/scoil, agus gur chóir iad a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad.

Molann siad

- Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe atá ann cheana féin is polasaithe nua a cheapadh nuair is gá
- Machnamh a dhéanamh ar conas a chuirtear an polasaí i bhfeidhm
- Nósanna imeachta a dhoiciméadú
- Slite a cheapadh chun go dtuigeann agus go leanann baill foirne na nósanna imeachta seo

9

Seimineáir na Luathbhlianta

Reachtáileadh dhá sheimineár ar na Luathbhlianta mar chuid den tionscnamh seo chun tuairimí na stiúrthóirí agus na múinteoirí a bhailiú faoi phróiseas an aistrithe ón naíonra go dtí an scoil. Cuireadh an-fháilte roimh an tionscnamh go ginearálta is tugadh an plé agus na moltaí a deineadh le linn na gcruinnithe san áireamh i bhforbairt an tionscnaimh.

Seimineár ar an Oideachas Luath-Óige trí Ghaeilge, 3 Deireadh Fómhair 2009

Tionóladh cruinniú ar an Oideachas Luath-Óige trí Ghaeilge mar chuid de Chruinniú Chinn Bhliana na Naíonraí Gaelacha i gCorcaigh ar an 3ú Deireadh Fómhair 2009. D'fhreastail 70 stiúrthóirí naíonra agus múinteoirí gaelscoile ar an gcruinniú. Iarradh ar ghrúpaí éagsúla gnéithe den cheist a phlé is tugtar suimiú ar thorthaí an phlé anseo thíos. Iarradh ar na rannpháirtithe a chur san áireamh go bhfuil comhthéacsanna éagsúla ann – naíonraí pobail agus cinn phríobháideacha, naíonraí ar shuíomhanna bunscoile agus ar shuíomhanna eile srl. Tugtar thíos an suimiú a rinne Nóra Ní Loingsigh ar na pointí a ardaíodh sa phlé.

Polasaí teanga

Mheas na rannpháirtithe gurbh ionann polasaí teanga na naíonraí agus na ngaelscoileanna ach go raibh difríochtaí móra ann maidir le rialacháin tosic go raibh an dá ghrúpa ag feidhmiú faoi chórais éagsúla stáit. Bhí difríochtaí ann maidir le polasaithe iontrála chomh maith. Bhí sé de bhuntáiste ag na naíonraí a bhí ag roinnt suímh le gaelscoil go raibh teagmháil ag na stiúrthóirí agus ag na múinteoirí lena chéile agus go raibh leanúnachas ann do na páistí agus na tuismitheoirí/caomhnóirí. Bhí baol ann, áfach, go mbeadh obair scoile á brú ar na naíonraí. Cheap na rannpháirtithe go raibh neamhspleáchas tábhachtach don dá ghrúpa ach go mbeadh comhoibriú ar bhonn gairmiúil an-tairbheach. Maidir le cúrsaí bainistíochta, moladh go bhféadfadh ionadaí ón dá bhoird suí ar bhord a chéile.

Leanúnachas

Measadh go raibh leanúnachas ann in a lán áiteanna idir an naíonra agus an bhunscoil toisc go raibh siad ag freastal ar ócáidí áirithe sa dá ionad, cé nach raibh ceangail oifigiúla ann. Bhí an-tábhacht ag baint le leanúnachas ó thaobh na teanga de ionas go mbeadh an bhunscoil ag tógáil ar theanga an pháiste, is é sin go mbeadh dul chun cinn ann seachas athrá ar scéalta, rannta is amhráin agus ar ghnáthchaint an lae. Bíonn leanúnachas ann maidir le forbairt na luathlitearthachta sa naíonra agus sa bhunscoil. Cheap na múinteoirí go mbeadh sé tábhachtach freisin go mbeadh an córas céanna peannaireachta in úsáid sa dá shuíomh.

Bhí na rannpháirtithe den tuairim go raibh na polasaithe céanna in úsáid sa dá shuíomh maidir le bainistiú iompar na bpáistí agus cosaint leanaí. Bhí an-bhéim ar mhodh an tsúgartha sa naíonra ach bhí curaclam an-leathan le clúdach sa bhunscoil. Cheap siad gur fhoghlaím na páistí a lán scileanna sóisialta sa naíonra, mar shampla, conas déileáil le páistí eile is le daoine fásta.

Naisc idir naíonraí agus gaelscoileanna

Mhol na rannpháirtithe go n-eagrófaí cruinnithe idir an dá ghrúpa chun a gclár oibre a mhalartú is chun eolas faoi na páistí a roinnt, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Moladh go mbunófaí naíonra in aice le gach gaelscoil toisc gur cabhair an-mhór é don pháiste luathoideachas trí Ghaeilge a fháil sula dtéann sé/sí chuig an ngaelscoil.

Cabhróidh *Aistear* (Curaclam do pháistí o – 6 bliana) le leanúnachas maidir le curaclaim, foghlaim, scileanna srl. a chur chun cinn sa dá shuíomh. Cheap na rannpháirtithe go gcabhródh treoirleabhar agus dlúthdhiosca chun leanúnachas idir an dá earnáil a fhorbairt. Cheap siad go gcabhródh uirlis measúnaithe ar dhul chun cinn na bpáistí, ceann a d’oirfeadh don dá shuíomh. Chuir siad an-tábhacht le heolas a thabhairt do na bunscoileanna faoi fhorbairt teanga na bpáistí is go mbeadh an t-eolas seo an-tábhachtach do na coláistí oideachais. Cheap roinnt rannpháirtithe go mbeadh

dlúthcheangal le struchtúr tacaíochta réigiúnda Gaelscoileanna Teo. ina chabhair mhór do naíonraí agus do ghaelscoileanna agus an comhoibriú seo á neartú acu.

Comhsheimineár na Luathbhlianta, 12 Márta 2011.

D'fhreastail beagnach 60 duine ar an dara seimineár, Comhsheimineár ar na Luathbhlianta a d'eagraigh Gaelscoileanna Teo. agus Forbairt Naíonraí Teo. i mBaile Átha Cliath i mí an Mhárta 2011. Rinne Máire Mhic Mhathúna cur i láthair ar an tionscnamh ar an aistriú ón naíonra go dtí an ghaelscoil agus labhair Máire Uí Rianaigh agus Caitríona Ní Eidhin faoi na tograí *Aistear* agus *Síolta*. Cuireadh grúpaí plé ar bun le plé a dhéanamh ar na moltaí a d'ullmhaigh an tionscnamh faoi bhealaí leis na naisc idir naíonraí agus gaelscoileanna a threisiú. Measadh go mba chabhair mhór iad na moltaí chun na páistí a ullmhú don aistriú chun na scoile agus chun eolas a roinnt idir na stiúrthóirí agus na múinteoirí. Tugtar suimiú ar na pointí plé anseo thíos.

Maidir leis an moladh go n-eagrófaí cruinniú idir stiúrthóirí agus múinteoirí chun spéiseanna agus cumais na bpáistí a phlé, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí:

Ceapadh go mba an-chabhair é seo ar bhonn ginearálta ach go raibh sé riachtanach cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a fháil roimh ré. Luadh freisin go mba chóir don stiúrthóir a mholadh do thuismitheoirí aon dúshláin atá ag a bpáiste a phlé leis an scoil chun go bhféadfaí cabhair a phleanáil/eagrú roimh thosach na scoilbhliana. Luadh freisin gur buntáiste é do pháistí áirithe tosú as an nua i scoil nua agus gan a bheith faoi ualach ag íomhá mhífhabhrach ón tréimhse roimhe sin. Dúradh gurb é an saghas eolais a bheadh ag teastáil ón scoil ná cumas teanga/líofacht an pháiste, taithí saoil agus cén cineál foghlaimeora é an páiste.

Maidir leis an moladh go dtabharfadh an naíonra agus an scoil cuireadh dá chéile teacht ar chuairt nuair atá an naíonra/ ceachtanna ar siúl:

Dúradh gur bhraith sé seo ar shuíomh an naíonra i leith na scoile. Dá mbeadh an dá ionad suite in aice lena chéile, ní bheadh aon fhadhb ann, ach ba ghá cóir taistil a eagrú dá mbeidís i bhfad óna chéile. Tá deontas imeachtaí idir scoile ar fáil ó Ghaelscoileanna a d'fhéadfaí a úsáid chun costas na gcuariteanna a ghlanadh. Bheadh uasteorainn daoine ann dá mbeadh naíonra mór ag dul ar cuairt go dtí rang mór agus bheadh cead de dhíth ó thuistí chun na cuairteanna seo a dhéanamh.

Moladh gurb fhiú cuairt mar seo a dhéanamh le linn Sheachtain na Gaeilge agus go gcuirfí tús le próiseas an aistrithe ag an bpointe sin dá réir. D'fhéadfadh na páistí go léir roinnt amhrán agus rann a bheadh ar eolas acu araon a chanadh le chéile.

Mura bhfuil sé indéanta an naíonra go léir a thabhairt chuig an scoil, d'fhéadfadh roinnt páistí teacht isteach ón scoil lena dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí chun labhairt le páistí an naíonra maidir le saol na scoile. Moladh go bhféadfadh 'cuairt' a bheith ann freisin trí fhíseán a dhéanamh ar imeachtaí na scoile, ceachtanna, crochadh cótaí, timpeallacht na scoile srl. chun eolas ar na gnéithe seo de shaol na scoile a thabhairt do pháistí an naíonra. D'fhéadfadh na páistí scoile comhairle a chur ar na páistí sa naíonra faoi thosú ar an scoil sa bhfíseán.

Dúradh freisin nár chóir go mbraithfeadh tuismitheoirí/caomhnóirí go raibh brú orthu a bpáistí a chur go dtí aon scoil ar leith.

Maidir leis an moladh go dtosódh na páistí ar an leabhrán 'Mise sa Naíonra agus Mise ar Scoil' agus iad sa naíonra, leabhrán ina gcuirfidís pictiúir, grianghraif agus eolas faoi na rudaí a thaitníonn leo sa dá áit sin:

Braitheadh go mbeadh fiúntas lena leithéid de leabhrán mar ullmhúchán don scoil agus mar chuimhneachán do pháistí ar an am a chaith siad sa naíonra agus i rang na naíonán.

Braitheadh go mba cheart go mbeadh áit sa leabhrán le hainm na scoile/ an naíonra a scríobh isteach ann agus go bhféadfaí é a fhí isteach i gcodanna Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) / staire den churaclam bunscoile.

Luadh go mba chóir litir a chur chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí ag míniú céard atá le déanamh, nó é a phlé ag oíche na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. D'fhéadfaí eolas faoin leabhrán a chur ar shuíomhanna gréasáin an naíonra agus na scoile. Moladh go bhféadfaí an leabhrán a thosú le páistí i Meán Fómhair sna naíonáin shóisir mura raibh a leithéid acu sa naíonra. D'fhéadfadh tuismitheoirí/caomhnóirí cuid na réamhscoile a líonadh mura raibh sé déanta roimhe sin. Moladh go mbeadh teimpléad de leabhrán ar fáil ar an idirlíon.

Maidir leis an moladh go dtabharfadh an naíonra bileog don scoil leis na focail, frásaí, rainn, amhráin agus scéalta atá déanta sa naíonra:

Measadh go mbeadh sé seo an-chuiditheach chun comhordú a dhéanamh idir an dá shuíomh. Bheadh an t-eolas seo úsáideach chun rainn/amhráin a bhí ar eolas ag na páistí a chanadh ag tosach na scoile agus chun an iomarca athrá a sheachaint níos déanaí.

Mura mbeadh múinteoir na naíonán ceaptha in am, moladh go bhféadfaí an bhileog a thabhairt don phríomhoide. Moladh go bpléifeadh an naíonra agus an scoil na téamaí a bhíonn in úsáid acu sa churaclam chomh maith leis na rainn srl. Moladh go dtabharfaí eolas faoi chanúintí na stiúrthóirí agus na bpáistí don scoil. Moladh go gcrochfaí an bhileog eolais ar shuíomh gréasáin an naíonra agus ar shuíomh gréasáin na scoile chun tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Moltaí / Pointí Breise

Dúradh go raibh uaireanta breise oibre le déanamh ag múinteoirí anois de bharr chomhaontú Pháirc an Chrócaigh. D'fhéadfadh múinteoir na naíonán roinnt den am seo a úsáid chun clár aistrithe na scoile a chur i bhfeidhm.

Moladh go leagfaí breis béime ar ról na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí i bpróiseas an aistrithe.

Moladh go gcuirfí éide scoile sa bhosca don ghléasadh suas sa naíonra.

Moladh go mbeadh 'balla grianghraf' sa naíonra agus sa scoil ar a gcrochfaí grianghraif a bhainfeadh leis na téamaí seo a leanas, mo bhaile, mé féin agus mo chlann, mo chairde, ag súgradh, an naíonra agus an scoil, stiúrthóir naíonra agus múinteoir ranga na naíonán srl.

Ós rud é go mbíonn dúshlán áirithe roimh pháistí agus iad ag tosú ar scoil, moladh go mbeadh córas 'buddies' nó 'cairde móra' ann idir na páistí sna naíonáin agus páistí níos sine a bheadh ag faire amach dóibh.

10

Guth na bPáistí

Is gné nua é den taighde ar aistriú chun na scoile aird a thabhairt ar thuairimí pháistí óga ach dar ndóigh is féidir le páistí óga léargas a thabhairt ar a dtaithí féin trí mhodhanna oiriúnacha taighde. Thug Nóra Ní Loingsigh cuairt ar rang na naíonán i ngaelscoil i mí Dheireadh Fómhair 2010 ar bhonn píolótach is d'iarr sí ar an múinteoir an t-aistriú a dhein na páistí ón naíonra go dtí an bhunscoil a phlé leis an rang. Bhí 27 dalta sa rang. Leanadh treoracha eitice Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maidir le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a fháil mar aon le toil na bpáistí chun an cheist a phlé. Leagtar amach na pointí plé in Aguisín 1.

Déantar achoimre thíos ar an méid a tháinig chun cinn sa phlé. Nuair a bhí siad sa naíonra, thaitin sé leis na páistí go raibh cairde agus gaolta leo sa ghrúpa céanna, go raibh cóisir mhór ann ar a laethanta breithe, go raibh siad ag foghlaim Gaeilge agus go raibh bréagáin dheasa ann.

Nuair a chuaigh siad ar scoil, thaitin sé go mór leo a bheith amuigh ag súgradh sa chlós, go raibh cairde nua acu agus bhíodar an-sásta moladh a fháil ón múinteoir. Ba chuimhin le go leor acu a gcéad lá ar scoil, go raibh mála scoile nua acu is go bhfuair siad leabhair nua scoile. Thaitin sé leo a bheith ag spraoi ar scoil chomh maith. Ní raibh eagla ar aon duine acu.

Iarradh ar na páistí moltaí a thabhairt do dhaltaí nua an bhliain seo chugainn is dúirt siad go raibh an múinteoir an-deas, go raibh sí ag cabhrú leo an Ghaeilge a labhairt agus go mba ghá an teanga a labhairt. Thug siad an-aird ar rialacha na scoile ó thaobh dea-iompair de agus thuig siad go mba ghá éisteacht leis an múinteoir sa rang. Dúirt siad freisin go mba ghá a bheith go maith.

Bhraith an múinteoir nár thug sí faoi deara Gaeilge bhreise a bheith ag na páistí a bhí sa naíonra. Bhí focail aonair ag roinnt de an páistí ach ní raibh abairtí iomlána acu. Mheas sí go raibh difríochtaí aibíochta idir páistí a

d'fhreastail ar naíonra nó réamhscoil agus na páistí nár fhreastail. Bhain an difear le forbairt na scileanna mínluaileacha.

Bhí sé suntasach gur thuig na páistí go raibh siad ag foghlaim/sealbhú na Gaeilge sa naíonra agus sa ghaelscoil, cé nach raibh mórán cainte á dhéanamh acu as Gaeilge nuair a thosaigh siad ar scoil tar éis bhriseadh an tsamhraidh. Is léir mar sin gur fiú samplaí den saghas cainte a dhéantar sa naíonra a thabhairt don mhúinteoir, le go bhféadfadh sé/sí na habairtí a bheadh cloiste acu a chur i gcuimhne do na páistí. Bhí sé spéisiúil go raibh an-tuiscint ag na páistí ar rialacha na scoile ó thaobh iompair de, rud a thagann leis an taighde a rinne O'Kane agus Hayes (2008) i scoileanna eile.

Léirigh roinnt den taighde idirnáisiúnta go raibh sé deacair ar roinnt páistí a mbealach a dhéanamh timpeall na scoile móire is go raibh cineál náire orthu faoin easpa eolais sin. Ag an am céanna, bhí na páistí an-sásta nuair a tugadh aird ar na buanna a bhí acu (Fabian agus Dunlop 2006, lch. 8).

Cheap na páistí sa staidéar a rinne O'Kane (2007) go raibh an-difear idir am súgartha agus am oibre ar scoil. Bhí am áirithe ar an Aoine leagtha amach mar am súgartha is thaitin sé seo go mór leo. Ba léir gur cheap siad gur obair a bhí ar bun an chuid eile den am, ainneoin an bhéim i gCuraclam na Bunscoile ar fhoghlaim trí shúgradh (O'Kane agus Hayes, 2008, lch. 296). Chuir na páistí sa taighde ag O'Kane agus Hayes an-tábhacht le ham lóin is rinne siad suntas de go raibh dhá lón acu ar scoil, seachas ceann amháin sa naíonra. Ar na rudaí nár thaitin leo faoin scoil, bhí magadh ó na páistí eile agus láimhseáil gharbh/bulaíocht ó pháistí eile, go háirithe sa chlós ag am sosa. Cuireann sé seo breis tábhachta le forbairt scileanna sóisialta is féinurraim sa naíonra. Is léir freisin gur ghá do na múinteoirí cúram faoi leith a dhéanamh den am sa chlós agus na páistí ag tosú ar scoil. Bhí a lán cainte ag na páistí céanna faoi rialacha na scoile is faoi phionós dóibh siúd a bhris na rialacha. Ní raibh eolas cruinn acu faoi phionós corpartha is bhí leagan an-drámatúil acu faoi cad a tharlaíonn do pháistí a bheadh curtha chuig an bpríomhoide de bharr drochiompair.

11

Moltaí do Chlár Aistrithe

Clár aistrithe

Dar leis an OECD (2002), tá buntáistí áirithe ag baint le ceangail láidre a fhorbairt idir an réamhscoil is an bhunscoil, maidir le haidhmeanna comhaontaithe, le modhanna oideachasúla agus le comhthuisctintí idir na baill foirne. Cabhróidh an chomhthuisctint seo leis na páistí aistriú sásúil a dhéanamh go dtí an bhunscoil. Moltar mar sin clár aistrithe a fhorbairt idir an naíonra is an ghaelscoil, clár a bheadh in oiriúint don staid logánta ar bhealach scaoilte, solúbtha. Ceapann Fabian agus Dunlop (2007, lch. 16) go mba chóir tosú leis an bprionsabal gur comhfhiontar idir na páistí, na teaghlaigh, na stiúrthóirí is na múinteoirí sa phobal acu féin atá san aistriú is go bhfuil sé d'aidhm ag an gclár aistrithe cabhair agus tacaíocht a thabhairt do na páistí dul ar aghaidh go dtí an chéad staid eile ina saol mar dhaoine cumasacha gníomhacha. Mura bhfuil clár aistrithe i bhfeidhm cheana féin, b'fhiú do gach scoil is naíonra féachaint ar na deiseanna a chuirfeadh a leithéid ar fáil do na páistí faoina gcúram féin.

Tá moltaí curtha ar fáil ag Fabian (2002, lch. 33) agus Dunlop agus Fabian (2007, lch. 16) faoi chlár aistrithe a cheapadh do pháistí, do stiúrthóirí agus do thuismitheoirí ina mbeadh eolas faoi na nithe seo a leanas:

- Polasaí aistrithe ag an scoil is ag an naíonra
- Teagmháil a chothú idir stiúrthóirí is múinteoirí chun obair a chéile a thuisctint
- Oiliúint is tacaíocht a chur ar fáil don mhúinteoir is do bhaill eile foirne
- Cabhrú leis an mhúinteoir aithne a chur ar na páistí
- Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a chothú
- Gníomhaíochtaí a eagrú chun cabhrú leis na páistí agus leis na thuismitheoirí/caomhnóirí eolas a chur ar shuíomh na scoile, taithí a fháil ar an lá scoile is bualadh leis an mhúinteoir

- Teagmháil le gaelscoileanna is le scoileanna eile chun eolas a roinnt faoi dhea-chleachtas
- An clár aistrithe a mheas go tráthrialta.
- Oiliúint a chur ar fáil do phróiseas an aistrithe do na stiúrthóirí is na múinteoirí

Imeachtaí samplacha

Chun tús a chur leis an bpróiseas seo, tugtar samplaí thíos d'imeachtaí a d'fhéadfaí a chur ar bun. Bailíodh na himeachtaí samplacha seo ón taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a foilsíodh ar an ábhar.

Eolas a thabhairt don teaghlach

Tá a lán bealaí ann chun eolas faoin scoil a thabhairt do na tuismitheoirí/caomhnóirí:

1. Cruinniú ag an scoil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí roimh thosach na scoilbhliana.
2. Seolann an scoil leabhrán is litreacha chuig an teaghlach. Tá cinneadh le déanamh maidir le teanga na cumarsáide, Gaeilge/Béarla agus aon teanga eile a bheadh ag na teaghlaigh, inimircigh nua, mar shampla.
3. Seolann an scoil leabhrán is litreacha chuig an bpáiste.
4. Beidh gá le haird faoi leith a thabhairt do pháistí le riachtanais bhreise is beidh seirbhísí tacaíochta le pleanáil (Fabian agus Dunlop 2006, lch. 16).
5. Suíomh idirlín nó leathanach baile a thionscnamh le heolas a thabhairt do thuismitheoirí agus do pháistí faoin scoil. Is féidir é a chur ar fáil as Gaeilge agus as Béarla.
6. Bileog do thuismitheoirí: d'fheadfadh an naíonra bileog do thuismitheoirí a ullmhú, ag moladh dóibh roinnt Gaeilge a labhairt leis na páistí i rith an tsamhraidh agus rainn agus amhráin as Gaeilge a chanadh ó am go chéile. D'fheadfaí frásaí is rainn samplacha ón naíonra chur ar an mbileog.

Taithí ar an scoil

Cuireann roinnt scoileanna imeachtaí ar siúl a thugann blaiseadh de shaol na scoile do na páistí:

1. Tugann an scoil cuireadh don pháiste is don teaghlach cuairt a thabhairt ar an scoil roimh thosach na scoilbhliana. Ceapann Fabian (2002, lch. 63) go mba chóir go mbeadh níos mó ná cuairt amháin ann roimh thosach na scoilbhliana agus go mbeadh imeacht scoile ar siúl le linn na cuairte, mar shampla ceacht, am lóin, scéalta, amhráin, chomh maith le saorimirt.
2. Tugann an scoil cuireadh don stiúrthóir naíonra agus do na páistí cuairt a thabhairt ar an scoil roimh thosach na scoilbhliana.
3. Bíonn ceacht nó gnás bunscoile ar nós scéal nó am lóin ar siúl le linn na cuairte.
4. Tugann an naíonra cuireadh do roinnt páistí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí cuairt a thabhairt ar an naíonra chun labhairt mar gheall ar an scoil.
5. Molann Fabian agus Dunlop (2006, lch. 13) go mbeadh “cairde” ag páistí an naíonra sa scoil a thabharfadh aire dóibh agus iad ag tosú ar scoil. Páistí ó ranganna sinsearachacha atá i gceist, is d’fhéadfadh páistí a bhí sa naíonra nuair a bhíodar óg a bheith i gceist anseo.

Naisc idir an naíonra agus an scoil

Tá an-chuid bealaí ann chun naisc idir an naíonra agus an scoil a chur chun cinn:

1. Ceapann an naíonra is an scoil polasaí agus clár aistrithe aontaithe
2. Eagraítear cruinniú idir stiúrthóirí is múinteoirí chun spéiseanna agus cumais na bpáistí a phlé, le cead na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.
3. Tugann an naíonra cuireadh don mhúinteoir cuairt a thabhairt ar an naíonra nuair atá an seisiún ar siúl agus tugann an scoil cuireadh don stiúrthóir cuairt a thabhairt ar rang na naíonán le linn ceachta.

4. Tugann an naíonra agus an scoil eolas dá cheile faoina gcuid aidhmeanna, faoin gcuraclam, faoi na modhanna oibre agus faoin gcur chuige i leith na Gaeilge.
5. Tugann an naíonra bileog leis na focail, frásaí, na rainn agus na hamhráin a bhíonn in úsáid sa naíonra don scoil.
6. Pléann an stiúrthóir ceisteanna faoi dhul ar scoil leis na páistí sa naíonra. (Aguisín 2)
7. Bíonn éide scoile ar fáil mar éadaí do ghléasadh suas sa naíonra.
8. Déanann páistí sa scoil leabhrán faoi rang na naíonán do pháistí an naíonra.
9. Léann na stiúrthóirí leabhair faoin scoil leis na páistí. (Féach Aguisín 3)
10. Bíonn balla grianghraf sa naíonra agus sa scoil ar a gcrochtar grianghraif a bhaineann leis na téamaí seo a leanas - mo bhaile, mé féin agus mo mhuintir, mo chairde, ag súgradh, an naíonra agus an scoil, an stiúrthóir agus an múinteoir.
11. Úsáideann an naíonra an córas céanna peannaireachta leis an scoil.
12. Tugann an scoil agus an naíonra cuireadh do na páistí chuig drámaí agus imeachtaí a chéile, imeachtaí Sheachtain na Gaeilge, an Nollaig, mar shampla. Tá cúnamh áirithe ar fáil ó Ghaelscoileanna chun na costais a bhainfeadh le cuairt mar seo a ghlanadh.
13. Déanann an scoil físeán ar imeachtaí na scoile, (ceachtanna, crochadh na gcótaí, timpeallacht na scoile, comhairle ó na daltaí do na páistí nua, mar shampla), chun eolas ar na gnéithe seo a thabhairt do pháistí an naíonra.
14. Imeachtaí sóisialta a eagrú d'fhoireann an naíonra is na scoile, mar shampla Dinnéar na Nollag.
15. Searmanas Fáilte a chur ar bun sa scoil sa chéad téarma agus cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí agus do stiúrthóirí.
16. Cuireann na stiúrthóirí agus na múinteoirí foirm aistrithe nó próifíl aistrithe le chéile, faoi mar a rinneadh sa tionscnamh DEIS (O'Kane agus Hayes le foilsiú) anseo thíos:

Próifíl aistrithe

D'fhorbair O'Kane agus Hayes (le foilsiú) próifíl dar teideal "Transition to School – Child Snapshot" le linn tionscnamh DEIS i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2010. Forbraíodh an phróifíl i bpáirt le stiúrthóirí is múinteoirí sna naíonraí agus sna bunscoileanna sa tionscnamh. Thuiriscigh na rannpháirtithe gur chuir próiseas forbartha na próifíle bonn an-mhaith faoin gcomhoibriú maidir leis an aistriú chun na bunscoile. Chuimsigh an phróifíl seo eolas faoin bpáiste faoi na réimsí seo thíos:

- Scileanna teanga agus cumarsáide
- Scileanna sóisialta agus mothúcháin
- Scileanna neamhspleáchais is féinchabhracha
- Scileanna machnaimh
- Scileanna luaileacha: scileanna mórluaile agus scileanna mionluaile

Reáchtáilteadh cúrsa i bhforbairt ghairmiúil leanúnach chomh maith chun eolas a thabhairt do na stiúrthóirí faoin mbunscoil. Roinneadh eolas faoi obair na naíonraí ar na múinteoirí is cheap na rannpháirtithe go mba mhór an chabhair an t-eolas faoin dá thaobh den aistriú a mhalartú. Dúirt na stiúrthóirí go raibh an próifíl an-úsáideach chun dul chun cinn a bpáiste a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí chomh maith.

Táimid buíoch de na húdair as cead a thabhairt dúinn an phróifíl a fhoilsiú anseo. Is faoi na naíonraí agus na scoileanna a leagan féin a fhorbairt agus na ranna as an doiciméad seo a aistirú go Gaeilge nó leagan dátheangach a chur le chéile.

Nuair a bhí siad sa naíonra, thaitin sé leis na páistí go raibh cairde agus gaolta leo sa ghrúpa céanna, go raibh cóisir mhór ann ar a laethanta breithe, go raibh siad ag foghlaim Gaeilge agus go raibh bréagáin dheasa ann.

Ba chuimhin le go leor acu a gcéad lá ar scoil, go raibh mála scoile nua acu is go bhfuair siad leabhair nua scoile.



Transition to School Child Snapshot

(O'Kane agus Hayes, le foilsiú)



This form is to record the achievements and abilities of children making the transition from preschool to primary school.

Name of Child: _____

Date of Birth: _____

Name of Preschool: _____

Date of Report: _____

SECTION 1

Language and Communication Skills

I can speak clearly and Confidently:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can listen to and enjoy Stories:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can use a good range of vocabulary:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I am able to speak up at news/circle time:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I make eye contact when speaking:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can recite rhymes and songs:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I enjoy pretend play with my friends:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can ask questions and ask for help when needed:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can answer the questions that I am asked:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

Any comments you would like to add on this child's abilities in these areas:

SECTION 2

Social and Emotional Skills

I have the confidence to speak to visitors:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I am comfortable about showing my feelings:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can take part in activities:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can mix and play happily with other children:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can co-operate and take turns with other children:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I get along well with my teachers:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can share and solve problems with my friends:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I understand rules and routine:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I take pleasure in my own success:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

Any comments you would like to add on this child's abilities in these areas:

SECTION 3

Independence and Self-help Skills

I can finish a task by myself:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can choose my own activity:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I am happy to try new things:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can follow directions:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can use the bathroom and wash my hands:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I look after my things:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can manage my lunch well:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I tidy up after myself:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can happily work alone or with friends:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

Any comments you would like to add on this child's abilities in these areas:

SECTION 4

Thinking Skills

I can recognise my name:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I know my colours:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I know my shapes:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can count to 5 or more:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can complete jig-saw puzzles:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can hold a pencil properly:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can remember songs and rhymes:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I understand matching, sorting and ordering:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I am happy to learn:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

Any comments you would like to add on this child's abilities in these areas:

SECTION 5

Fine and Gross Motor Skills

I have good hand-eye coordination:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can colour mostly within the lines:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can thread beads and work on peg board:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can use a scissors:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I enjoy sand and water play:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I have good balance:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can run and ride a trike:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can hop and dance:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

I can catch and throw a ball:

- ☐ Yes
☐ Still Developing

Any comments you would like to add on this child's abilities in these areas:

Moltar do na stiúrthóirí agus do na múinteoirí na moltaí thuas a scrúdú go mion, féachaint an dtagann siad leis na prionsabail oideachais agus teanga atá acu. Tá rogha acu freisin úsáid a bhaint as próifíl eile chomh maith.

Is féidir dul chun cinn an pháiste maidir le sealbhú na Gaeilge a bhreacadh ar bhealach mar seo chomh maith, bealach atá bunaithe ar phátrún sealbhaithe teanga (Mhic Mhathúna 1996).

Tuiscint:

Tuigeanann an páiste caint an stiúrthóra agus léiríonn sé an tuiscint sin trí ghníomh oiriúnach a dhéanamh nó trí fhreagra oiriúnach a thabhairt as Béarla.

Sampla

Stiúrthóir: Ar mhaith leat imirt leis an ngaineamh?

Páiste: No, I want to paint.

Is féidir liom Gaeilge a thuiscint.

- ☐ Is féidir
- ☐ Fós ag forbairt

Meascán de Bhéarla agus de Ghaeilge:

Úsáideann an páiste focal Gaeilge in abairt Bhéarla.

Sampla

Stiúrthóir: Cad atá déanta agat?

Páiste: I did it, the bláth.

Úsáidim focail Ghaeilge in abairt Bhéarla

- ☐ Úsáidim
- ☐ Fós ag forbairt

Foirmlí cainte/abairtí réamhdhéanta:

Úsáideann an páiste frása nó abairt a múineadh dóibh do ghníomhaíocht nó do ghnás ar leith:

Sampla

Páiste: Ceangal mo naprún dom. Cé leis é seo? Liomsa é.

Úsáidim frásaí a d'fhoghlaim mé.

- ☐ Úsáidim
- ☐ Fós ag forbairt

Saorchaint as a stuaim féin:

Labhraíonn an páiste as a stuaim féin, b'fhéidir go mbeidh sé cruinn ach i dtosach beidh sé/sí ag baint triail as foirmeacha éagsúla de na focail agus de chomhréir na habairte:

Sampla

Páiste: Is liomsa é leon.

Páiste: Chonaic Teidí bean, agus buachaill, cat, madra, cailín, ag rith abhaile.

Is féidir liom labhairt as mo stuaim féin

- ☐ Is féidir
- ☐ Fós ag forbairt

Beidh roinnt páistí, go háirithe na páistí a bhfuil roinnt Gaeilge acu sa bhaile in ann páirt a ghlacadh i gcomhrá agus beidh forbairt teanga ag staid oiriúnach dá n-aois ag na páistí a tógadh le Gaeilge.

Leabhrán: *Mise sa Naíonra agus sa Scoil*

D'fhéadfaí leabhrán aistrithe a fhorbairt, bunaithe ar leabhrán a d'fhorbair "Integrate Ireland Language and Teaching" do pháistí a bhí ag sealbhú an Bhéarla mar dhara teanga (Integrate Ireland 2007). D'fhéadfaí tosú ar an leabhrán sa naíonra is d'fhéadfadh an páiste é a thabhairt leis/léi chun na scoile is leanúint leis an obair ansin. Moltar cóipleabhar le leathanaigh bána nó stracleabhar a úsáid chuige seo. D'fhéadfaí aidhm agus cur chuige an leabhráin a mhíniú do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus d'fhéadfadh siad an obair a bhaineann leis an tréimhse réamhscoile a dhéanamh lena bpáiste féin mura raibh sé déanta sa naíonra. Bheadh roinnt de na nithe seo a leanas sa leabhrán:

Roinn A: Sa naíonra

Grianghraf den pháiste sa naíonra

Is mise (ainm agus pictiúr/grianghraf)

Tá mo lá breithe ar (dáta)

Tá cónaí ar na daoine seo sa bhaile liom: (pictiúr/grianghraf)

Seo mo theach: (pictiúr)

Labhraím na teangacha seo sa bhaile:

Mo naíonra: pictiúr/grianghraf agus ainm an naíonra

Mo stiúrthóir: pictiúr/grianghraf

Mo chairde sa naíonra:

Is breá liom na scéalta seo:

Is breá liom na rannta seo:

Mo rogha bréagáin:

Rudaí a chuireann áthas orm:

Rudaí a chuireann imní orm:

Roinn B: Ar scoil

Táim ag súil leis na rudaí seo ar scoil:

Mise ar scoil (pictiúr) / M'éide scoile (má oireann sé)

Mo scoil: pictiúr/grianghraf agus ainm na scoile

Mo mhúinteoir: pictiúr/grianghraf

Seo mo chairde ar scoil: pictiúr

Mo sheomra ranga: pictiúr

Seo mo mhála scoile: pictiúr

Mo bhosca lóin: pictiúr

Is breá liom na rudaí seo a dhéanamh ar scoil: pictiúr

Ag súgradh sa chlós: pictiúr

Focal ó mo thuismitheoir: alt beag ó Mham nó ó Dhaid.

Clár aistrithe a cheapadh

Beidh toscaí faoi leith ag baint le gach naíonra, le gach scoil agus le naisc idir na naíonraí is na scoileanna. Is gá machnamh ar an staid logánta agus ar na fachtóirí thíos nuair atá clár aistrithe á leagan amach:

- Suíomh na scoile i leith an naíonra: an bhfuil siad ar an láthair chéanna?
- Cad iad na naíonraí agus na gaelscoileanna atá sa cheantar céanna?
- Tá seoltaí gaelscoileanna ar fáil ag <http://www.gaelscoileanna.ie/schools/primary-schools/?lang=ie>.
- Tá seoltaí naíonraí ar fáil ag <http://www.naionrai.ie/learscail.ga>
- Ar chóir idirdhealú a dhéanamh idir tuismitheoirí/caomhnóirí nua is daoine a bhfuil páistí acu sa scoil cheana féin?
- Conas ar féidir leis an scoil forbairt a dhéanamh ar theanga na bpáistí a bhí sa naíonra?
- An mbeidh páistí le riachtanais bhreise ag aistriú ón naíonra go dtí an scoil?
- Cad iad na bealaí a thugann an dá institiúid tacaíocht, spreagadh agus cúnamh do na tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an nGaeilge?
- Ceisteanna ama: cé mhéid ama a bheidh i gceist leis an gclár aistrithe? Cathain a chuirfear tús leis an gclár? Cén fad a leanfar leis?

Bealach amháin chun clár aistrithe a phleanáil

- Aidhmeanna na scéime ar bhonn logánta a leagan amach
- Na rudaí atá ar bun faoi láthair a liostáil
- An staid idéalach a leagan amach
- Tosaíochtaí na scéime agus pointí eile a leagan amach
- Pleanáil ar an mbealach chun iad a chur i gcrích:
 1. Cén tréimhse ama a bheidh i gceist, ó Lá Fhéile Pádraig go dtí Oíche Shamhna, mar shampla.
 2. Na daoine a bheidh páirteach sa scéim a ainmniú: múinteoirí na naíonán, an príomhoide, baill eile d'fhoireann na scoile, stiúrthóirí na naíonraí, na páistí, na tuismitheoirí/caomhnóirí.
 3. Na hacmhainní ama is airgid a bheidh ag teastáil
- Measúnú a phleanáil

Conclúid

Tá an-tábhacht le haistriú sásúil chun na bunscoile mar leagtar síos pátrúin foghlama, caidrimh agus meoin sna míonna tosaigh sa scoil. Moltar Clár Aistrithe a leagan amach idir naíonraí agus na scoileanna ar a bhfreastalaíonn na páistí. Má bhíonn Clár Aistrithe i bhfeidhm beidh níos mó tuisceana agus measa ag stiúrthóirí naíonra is múinteoirí ar obair a chéile is ar chumais agus ar riachtanais na bpáistí. Beidh na páistí ag tógáil ar a dtaithí sa naíonra is ag dul i dtaithí ar athruithe maidir leis an spás fisiciúil, athruithe sóisialta is féiniúlachta agus athruithe oideachasúla.

Tá tionscnaimh mar *Aistear*, creatchuraclam don Luath-Óige agus *Síolta*, an chreatlach náisiúnta d'oideachas na luath-óige ag tosú ar leanúnachas a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna ach is faoi na scoileanna is na naíonraí atá sé an teagmháil agus leanúnachas a chur chun cinn ar bhonn logánta. Tugadh moltaí sa leabhrán seo faoi conas clár aistrithe a phleanáil agus faoi na himeachtaí samplacha agus tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith i gceist ann. Is iad na daoine áitiúla, stiúrthóirí na naíonraí agus múinteoirí na ngaelscoileanna, is fearr a thuigfidh cad a oireann don suíomh acu féin.

Tagairtí

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta/National Council for Curriculum and Assessment (2009). *Aistear, creatchuraclam don Luath-Óige*. http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Early_Childhood_Education/Framework_for_Early_Learning/. Íoslódáladh 27.07.2010.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999a). *Curaclam na Bunscoile: Réamhrá*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999b). *Curaclam na Bunscoile. Gaeilge: Teanga*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Baker, C. (2006). *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*. 4ú Eagrán. Clevedon: Multilingual Matters.
- Bernard Van Leer Foundation (2006). *Transitions in the Early Years: A Learning Opportunity*, Early Childhood Matters, November 2006, No. 107.
- Bronfenbrenner, U. (1979). *The Ecology of Human Development*. Cambridge MA: Harvard University Press.
- Brooker, L. (2008). *Supporting Transitions in the Early Years*. Maidenhead, Berks: Open University Press.
- Broström, S. (2002). Communication and continuity in the transitions from kindergarten to school. In H. Fabian and A.W. Dunlop (Eag.) *Transitions in the Early Years*. London: Routledge-Falmer, lgh. 52 – 63.
- Centre for Early Childhood Development and Education (2006). *Siolta. An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige*. Ranganna na naíonán: leagan Gaeilge http://www.siolta.ie/infant_standard13_gl.php Caighdeán 13: Aistrithe. Íoslódáladh 10.07.2010.
- Coady, M. agus Ó Laoire, M. (2002). Dilemmas of language and practice in education: Gaelscoileanna in the Republic of Ireland. *Language Policy* 1 (2), lgh. 143-158.

Devlin, S., agus Frost, C. (2007). *Sarshaothair: Clár Ardchaighdeán na Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

Dockett, S. agus Perry, B. (2005). Starting School in Australia is “a bit safer, a lot easier and more relaxing”: Issues for families and children from culturally and linguistically diverse backgrounds. *Early Years* 25 (3) lgh. 271-281.

Dunlop, A.W. agus Fabian, H. (Eag.) (2007). *Informing transitions in the early years*. Maidenhead, Berks: Open University Press.

Fabian, H. (2002). *Children Starting School*. London: David Fulton.

Fabian, H. agus Dunlop, A.W. (Eag.) (2002). *Transitions in the Early Years*. London: Routledge-Falmer.

Fabian, H. agus Dunlop, A.W. (2006). Outcomes of good practice in transition processes for children entering primary school. Páipéar a coimisiúnaíodh don EFA Global Monitoring Report 2007, *Strong Foundations: early childhood care and education*. UNESCO.

Forbairt Naíonraí. (2007). *Céimeanna Beaga. Cúrsa BunGhaeilge Feidhmiúil do Stiúrthóirí Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí.

Hayes N., O’Flaherty J. and Kernan M. (1997). *A Window on Early Education in Ireland: the First National Report of the IEA Preprimary Project*. Dublin: Dublin Institute of Technology.

Hayes, N. (2010). *Early Childhood. An Introductory Text*. 4ú Eag. Baile Átha Cliath: Gill agus Macmillan.

Hickey, T. (1997). *An Luath-Thumadh in Éirinn: Na Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Hickey, T. (2010). Indigenous language immersion: the challenges of meeting the needs of L1 and L2 speakers in Irish-medium pre-schools. In T. Hickey, and C. Kenner, C. (Eag.). *Multilingual Europe: diversity and learning*. Stoke on Trent: Trentham Books, lgh. 137-142.

Integrate Ireland Language and Training. (2007). *My First English Book*. Baile Átha Cliath: Integrate Ireland Language and Training.

Johnson, R. and Swain, M. (Eds.). (1997). *Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press.

Láiríonad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (Centre for Early Childhood Development and Education) (2006). *Siolta. An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige*. Ranganna na naíonán: leagan Gaeilge http://www.siolta.ie/infant_standard13_gl.php Caighdeán 13: Aistrithe. Íoslódáladh 10.07.2010.

Láiríonad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige (Centre for Early Childhood Development and Education) (2007). *DEIS (Delivering Equality of Opportunity In Schools): An Action Plan For Educational Inclusion*. Íoslódáladh ar 20.07.2010 ó <http://www.cecde.ie/english/deis.php>.

Lave, J. and Wenger, E. (1991). *Situated learning. Legitimate peripheral participation*. Cambridge: Cambridge University Press.

Margetts, K. (2002). Transitions to School – Complexity and Diversity. *European Early Childhood Education Research Journal* 10 (2), 103-114.

Mhic Mhathúna, M. (1996). Is Liomsa é Leon. Ról na bPáistí agus na Stiúrthóirí i Sealbhú na Gaeilge i Naíonaí. *Oideas* 44, 113-125.

Mhic Mhathúna, M. (2008). Supporting Children's Participation in Second Language Stories in an Irish Language Preschool. *Early Years*, 28, 3, 299-309.

Nic Craith D. agus Fay, A. (2008). The Curriculum in the Infant Classes in Primary Schools in Ireland – Creating Learning Experiences. In S. O'Brien, P. Cassidy and H. Schonfeld (eag.) *Vision into Practice: Proceedings of a Conference on Making Quality a Reality in the Lives of Young Children*. Dublin Castle, February 8th-10th 2007. Dublin: Centre for Early Childhood Development and Education

Ní Mhaoláin, N. (2005). *Ár bPolasaí Gaeilge: Polasaí na Gaeilge do Ghaelscoileanna*. Baile Átha Cliath: Gaelscoileanna Teo.

Ó Buachalla, A. (2005). Cad is naíonra ann? In D. Uí Ghrádaigh (Eag.) (2005).

Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo., lgh. 7-9.

Ó Cíosáin, H. (2005). Leagan amach an naíonra. In D. Uí Ghrádaigh (Eag.) (2005). *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo., lgh. 24-28.

Ó hAiniféin, D. (2008). *An Tumoideachas in Éirinn.* Baile Átha Cliath: Coiscéim i bpáirt le Conradh na Gaeilge.

O’Kane M. (2007). *Building Bridges: The Transition from Preschool to Primary School for Children in Ireland.* Dublin Institute of Technology: Tráchtas Ph.D. neamhfhoilsithe.

O’Kane, M. agus Hayes, N. (2008). *The Transition to School in Ireland: What do the Children Say?* Proceedings of the CECDE International Conference, “Vision Into Practice” Making Quality a Reality in the Lives of Young Children. Dublin: Centre for Early Childhood Development and Education.

O’Kane, M. agus Hayes, N. (le foilsiú). *Supporting Early Childhood Educational Provision within a Cluster of DEIS Preschool and Primary School Settings.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna/ Lárionad um Thaighde Shóisialta is Oideachasúil.

Ó Laoire, M. (2008). Educating for Participation in a Bilingual or a Multilingual Society? Challenging the Power Balance between English and Irish and Other Minority Languages in Ireland. In C. Hélot and A.M. De Mejia, (Eag.), *Forging Multilingual Spaces. Integrated Perspectives on Majority and Minority Bilingual Education.* Bristol: Multilingual Matters.

OECD (2002). *Educational Policy Analysis.* Paris: Organisation for Economic Co-operation and Development.

Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (2009). Eolas faoin mbliain réamhscoile saor in aisce. <http://www.omc.gov.ie/documents/childcare/ecceccsschemesar/Batch2GuideGA.pdf> Íoslódáladh 19.09.2010.

Perry, B., Dockett, S., Gilbert, S., Howard, P., Mason, T., Simpson, T., Skattebol, J., Whitton, D., agus Woodrow, C. (2005). *Successful transition programs from prior-to-school to school for Aboriginal and Torres Straits Islander Children: Methodological considerations*. Íoslódáladh ar 18.07.2010 ó <http://74.125.55.132/scholar/q=cachecu4gOM39osYJscholar.google.com/-development>.

Skinner, D. Bryant, D., Coffman, J. And Campbell, F. (1998). In Brooker, L. (2008). *Supporting Transitions in the Early Years*. Maidenhead, Berks: Open University Press.

Siraj-Blatchford, I. agus Clark, P. (2000). *Supporting identity, diversity and language in the early years*. Bucks: Open University Press.

Tabors, P. (2008). *One Child, Two Languages*. Dara eagrán. Baltimore: Paul Brookes.

Uí Ainín, M. (2005). Reachtaíocht an naíonra. In D. Uí Ghrádaigh (Eag.). *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo., lgh. 134-138.

Uí Ghrádaigh, D. (Eag.). (2005). *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

Uí Ghrádaigh, D. (Eag.). (2005). Cúnamh. *Tacábhar do Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

Vogler, P., Crivello, G., agus Woodhead, M. (2008). *Early childhood transitions research: a review of concepts, theory and practice*. Páipéar Oibre 48, Den Hague, an Ísiltír: Fundúireacht Bernard van Leer.

Vygotsky, L (1978). *Mind in Society*. (aistrithe agus in eagar ag M. Cole, V. John-Steiner, S. Scribner agus E. Souberman). Cambridge, Mass: Harvard University Press.

Wood. E. agus Attfield, J. (2005). *Play, Learning and the Early Childhood Curriculum*. An dara heagrán. London: Paul Chapman.

AGUISÍN 1

Ceistneoir do Pháistí

Seisiún plé i rang na naíonán leis an múinteoir ranga:

Pictiúir le tarraingt ag na páistí: Mise ar Scoil

Cad iad na rudaí a thaitin leat sa naíonra?

Cad iad na rudaí a thaitníonn leat ar scoil?

An cuimhin leat do chéad lá ar scoil?

Ar tháinig cairde leat ón naíonra?

An raibh aon rud ann a chuir imní ort?

Cad a mholfá do pháistí a bheidh ag aistriú go dtí an ghaelscoil an bhliain seo chugainn?

AGUISÍN 2

Leabhair do pháistí faoin naíonra agus faoin scoil

- Henning, H. (2005). *Ag an Sú le Múinteoir Molly*. Co. Mhaigh Eo: Cló Mhaigh Eo.
- Henning, H. (2005). *Cois Trá le Múinteoir Molly*. Co. Mhaigh Eo: Cló Mhaigh Eo.
- Henning, H. (2005). *Múinteoir Molly agus a Rang Ceoil*. Co. Mhaigh Eo: Cló Mhaigh Eo.
- Henning, H. (2005). *Múinteoir Molly agus Coinín na Scoile*. Co. Mhaigh Eo: Cló Mhaigh Eo.
- Henning, H. (2007). *Múinteoir Molly agus an Lá Spóirt*. Co. Mhaigh Eo: Cló Mhaigh Eo.
- Henning, H. (2007). *Múinteoir Molly agus an Rang Ealaíne*. Co. Mhaigh Eo: Cló Mhaigh Eo.
- Hill, E. (1984/2007). *Bran ar Scoil*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Hill, E. (2009). *Bran agus a Mhúinteoir*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- L'Heureux, C. agus Legeré, G. (2010). *Cathal sa Naíolann*. Gaillimh: Futa Fata.
- Moffat, N. (2004). *Bhí Oisín ar Scoil*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Ní Ailpín, T. (1991). *Rúairí agus Úna sa Naíonra*. Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teoranta.
- Ní Chionnaigh, P. (1995/2001). *Páid agus an Scoil*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Riddle, E. (2003). *Mo Chéad Naíonra*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Seideán Sí. (2003). *Rírá is Seomra na Naíonán*. Baile Átha Cliath: An Gúm.
- Wolde, G. (1987). *Eithne ag an Naíolann*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

AGUISÍN 3

Áiseanna agus Acmhainní

Ní liosta iomlán atá anseo

www.gaelSCOILEANNA.ie: Gaelscoileanna Teo.

www.naionrai.ie: Forbairt Naíonraí Teo.

www.cogg.ie: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

www.Comhairle.org: suíomh le moltaí do thuismitheoirí ó Thuaisceart na hÉireann

www.aisaonad.org: áiseanna don seomra ranga

www.spraoi-online.com: ábhair don naíonra agus don scoil as Gaeilge

www.malamor.ie; mála scéalaíochta as Gaeilge

www.futafata.com: leabhair do pháistí óga

FORBAIRT NAÍONRAÍ TEORANTA

Is cuideachta dheonach uile-Éireann í Forbairt Naíonraí Teoranta, a thacaíonn le seirbhísí, cúram is oideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn do pháistí ó aois an chliabháin ar aghaidh. Cuireann Forbairt Naíonraí Teoranta tacaíocht ar fáil chun na seirbhísí trí Ghaeilge seo thíos a bhunú, a bhuanú agus a riaradh: naíolanna, naíonraí, seirbhísí aois scoile, campaí samhraidh agus grúpaí tuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí. I Meitheamh 2011 bhí 164 naíonra cláraithe le FNT.

Faigheann Forbairt Naíonraí Teoranta maoiniú ó Fhoras na Gaeilge agus ó Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Eolas: www.naionrai.ie

GAELSCOILEANNA TEO.

Is í GAELSCOILEANNA TEO. eagraíocht chomhordaitheach na scoileanna lán-Ghaeilge. is í príomhaidhm na heagraíochta ná an ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal fud fad na hÉireann. Cabhraíonn sí le tuismitheoirí agus le grúpaí áitiúla scoileanna nua ag an dá leibhéal a bhunú agus tacaíonn sí leis na scoileanna atá bunaithe cheana féin. In 2011 bhí 174 gaeilscoil agus 40 gaelcholáiste lasmuigh den Ghaeltacht ag cur oideachais lán-Ghaeilge ar fáil.

Eolas: www.gaelSCOILEANNA.ie

MÁIRE MHIC MHATHÚNA

Is léachtóir le hOideachas na Luath-Óige in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath í Máire Mhic Mhathúna. Chaith sí tamall ag obair mar mhúinteoir bunscoile and mar stiúrthóir naíonra. Tá spéis faoi leith aici i sealbhú teanga agus tá taighde ar an ábhar seo foilsithe aici in irisí náisiúnta agus idirnáisiúnta.



Forbairt Naíonraí Teo.



GaelSCOILEANNA